# AITHRIS AR CHRIOST.

(O'n aistriúchán a dhein an tAthair Peadar Ua Laoghaire ar an "Imitatio Christi.")

## AN TRIOMHADH LEABHAR.

(Caibidil a fiche ar leanamhaint.)

Conus is fédir beaha húirt inéachor er veaha as a míon breóiteacht agus pláig agus trúigeana básh a fás coitianta?

Ní beaha í, ach sayshana básh.

Agus fiàch, tugtar grá ghi. Agus tá a lán duíni a loirigean a n-áhas go lér inti.

Bíonn a lán a cáini an ṭael, á reá ná fuil aun ach feaul agus caluísh. 'Na häv san is ili ní mah leó sgarûint lesh mar hâl. Tá an greim ró ghaingean ig na hayinviantuiv orha.

Tá nihi, âfach, a chuirean iachuint orha grá húirt don täl, agus nihi eli a chuirean iachuint orha gráin a veh acu er.

Mian na cola, mian na súl, mian na haigini, 'shé shin uar na beaha so, shiniad na nihi a chuirean fachuint er ghuíni grá húirt don täl. Ach "gol a' gháiri," na pianta a hagan ó hoil a húirt dos na mianuiv shin, shiniad na nihi a chuirean iachaint er ghuíni fuah a húirt don täl agus gráin a veh acu er.

5. Ach foruír! Buan an grá er an vuah acu. Clyn an droh fléshúr an aigini atá tuguihi don täl. Is pléshúr lesh an aigini shin veh fé smacht na cola. Ní icean an aigini shin, ná ní vlashean shí, ívineas Dé ná suerceas na fíoräntachta.

Ach an vuíntir a hugan fuah a geart don täl agus gurab'é a mian maireachduint do Ghie fé riel veanuihi, tuigid shiad san cad a vuinean lesh a suerceas näfa atá geaulta do locht a tael do hiàna dáiríriv, agus tuigid shiad, lesh, go háluing, an feaul atá ig aicmi an tael 'á ghianav orha fén, agus an dearúd atá orha.

Conus is féidir beatha ṭhabhairt i n-aon chor ar bheatha as a mbíonn breóiteacht agus pláigh agus trúigeana báis ag fás coitianta?

Ní beatha í, ach saighseana báis.

Agus féach, tugtar grá dhi. Agus tá a lán daoine a loirgeann a n-áthas go léir inti.

Bíonn a lán ag cáine an tsaoil, 'ghá rá ná fuil ann ach feall agus calois. 'Na thaobh san a's uile ní maith leó sgarúint leis mar shaol. Tá an greim ró dhaingean ag na hainmhianṭaibh ortha.

Tá neithe, ámhthach, a chuireann fhiachaint ortha grá thabhairt do'n tsaol, agus neithe eile a chuireann fhiachaint ortha gráin a bheith acu air.

Mian na colna, mian na súl, mian na haigne, 'sé sin uabhar na beatha so, siniad na neithe a chuireann fhiachaint ar dhaoine grá thabhairt do'n tsaol. Ach "gol an gháire," na pianta a thagan ó thoil a thabhairt dos na mianaibh sin, siniad na neithe a chuireann fhiachaint ar dhaoine fuath a thabhairt do'n tsaol agus gráin a bheith acu air.

5. Ach foraoir! Buadhann an grá an bhfuath acu. Claoidhean an droch phléisiúr an aigne atá tugtha do'n tsaol. Is pléisiúr leis an aigne sin bheith fé smacht na colna. Ní fheiceann an aigne sin, ná ní bhlaiseann sí, aoibhneas Dé ná suairceas na fíoraontachta.

Ach an mhuintir a thugann fuath i gceart do'n tsaol agus gur b'é a mian maireachtaint do Dhia fe riaghail bheannuithe, tuigid siad san cad a bhaineann leis an suairceas naomhtha atá geallta do lucht an tsaoil do shéanadh dáiríribh, agus tuigid siad, leis, go h-áluinn, an feall atá ag aicme an tsaoil 'á dhéanamh ortha féin, agus an dearmhad atá orhta.

(Caibidil a haon agus fiche an tseachtain seo chughainn.)

# AITHRIS AR CHRIOST.

(O'n aistriúchán a dhein an tAthair Peadar Ua Laoghaire ar an "Imitatio Christi.")

## AN TRIOMHADH LEABHAIR.

### Caibidil a haon agus fihi.

**Is er Ghie fén, har gach mah agus har gach tourhas, is ceart don duini a aigini do hocarú.**

1. An Sherivíshach.—Ins gach ní, agus har gach ní, bíoch do huenas sa Tiarna agat, a anam so agam-sa, mar ishé an Tiarna süeneas shyry na näv.

Túir dô-sa, a Isa ró vilish, ró ghrávar, mo hueneas a áil ionat-sa har gach ní d'ár chruhig Die; har gach sláinti agus mashi; har gach glóiri agus anóir; har gach côcht agus gradam; har gach colus agus oilteacht; har gach sevireas agus caluín; har gach áhas agus lúgháir; har gach cáil agus mola; har gach suerceas agus sólás; har gach ní n-a vuil súil lesh, nú gealúint; har gach luacht séhir agus har gach mian.

Har gach tourhas agus teyluici d'ár fédir doit a húirt do'n duini ná do chur ishdeach aun; har gach ívineas agus gáirdeachas d'ár fédir d'aigini an duini a ghlaca ná a vohú.

I n-än ocal aváin, har na haingil agus na hárdaingil agus mór hlóitie na vlahas go lér har gach ní so-eshi agus do-ieshi, agus har an ili ní nách Tusa fén, a Hiarna Die.

2. Mar, is Tusa, a Hiarna Die, is feár, har an ili ní; is Tusa aváin is írdi; is Tusa aváin is cóchdy; is Tusa aváin is lán-tásav dúing; is Tusa aváin is lán-víshleacht agus is lán-tólás dúing.

### Caibidil a hacn agus fiche.

**Is ar Dhia féin, thar gach maith agus thar gach tabharthas, is ceart do'n duine a aigne do shocarú.**

1. An Seirbhíseach.—Ins gach ní, agus thar gach ní, bíodh do shuaimhnease as Tiarna agat, a anam so agam-sa, nar is é an Tiarna suaimhneas síoruí na naomh.

Tabhair dómh-sa, a Iosa ró mhilis, ró ghrámhar, mo shuaimhneas a dh'fháil ionat-sa thar gach ní d'ár chruthuigh Dia; thar gach sláinte agus maise; thar gach gloire agus onóir; thar gach cómhacht agus gradam; thar gach colus agus oilteacht; thar gach saibhreas agus ealadhain; thar gach áthas agus lúthgháir; thar gach cáil agus mola; thar gach suairceas agus sólás; thar gach gach ní n-a bhfuil súil leis, nó geallúint; thar gach luacht saothai agus thar gach mian.

Thar gach tabharthas agus tíodhlaice dá'r féidir duit a thabhairt do'n duine ná do chur isteach ann; thar gach aoibhneas agus gáirdeachas d'ár féidir d'aigne an duine a ghlaca ná a mhothú.

I n-aon fhocal amháin, thar na haingil agus na hárd-aingil agus mór shlóite na bhflathas go léir; th. gach ní sofheisgthe agus dofheisgthe, agus thar an uile ní ách Tusa féin, a Thiarna Dia.

2. Mar, is Tusa, a Thirana Dia, is fearr, thar an uile ní; is Tusa amháin is aoirde; is Tusa amháin is comhachtaí; is Tusa amháin is lán-tsásamh dúinn; is Tusa amháin is lán-tsólás dúinn.

(Tuille an tseachtain seo chughainn.)

# AITHRIS AR CHRIOST.

(O'n aistriúchán a dhein an tAthair Peadar Ua Laoghaire ar an "Imitatio Christi.")

## AN TRIOMHADH LEABHAIR.

**(Caibidil a h-aon agus fiche ar leanamhaint.)**

Is Tusa aváin is lán áluing agus is lán ghrávar; is Tusa aváin atá uasal glórvar har gach ili ní. Ionat-sa aváin atá gach mah, i' n-éneacht agus i n-iomláini, agus do ví ryav, agus a veg.

Dá vrí shin éngí, nách Tú fén, a húrhir dô-sa, nú éngí d'oyilshóir dom ad' häv fén, nú do gheaulhir dom, an aid ná ficim nú ná fayim Hu fén, is ró veog é.

Mar, go dein ní fédir dom' chry fíor hueneas d'áil, ná veh lán tásda, gan cirí aish ciún do hourhishdí go lér, agus caish ciún gach criàtúra, agus stad ionat-sa fén.

3. O, a Hiarna Isa Críost, is Tu mo chéli! Is Tu mo ghrá! Is Tu mo stór geal, glan! Is Tu ry na cruingi! Cé húrhig dom ghá sgiahán agus cead glueshdi go déad a trial ort agus go vanad agat!

O, cahin a túrfar dom, go hiomlán, cä er a ishgint caed é an t-uívineas atá ionat-sa, a Hiarna Die?

Cahin a chruingeód mo vachnav, go hiomalán, ionat-sa, i dtreó, le grá ghoitshi, ná mohód me fén inéachor, ach Tusa aváin, lastuas de gach mohú agus de gach machnav, er chuma nách é gahéngi a higean?

Ach inish dinim osna go minic, agus is go buarha uiligim mo ví-á.

Is Tusa amháin is lán áluinn agus is lán ghrámhar; is Tusa amháin atá uasal glórmhar thar gach uile ní. Ionat-sa amháin atá gach maith, i n-éineacht agus i n-iomláine, agus do bhí riamh, agus a bheidh.

Dá bhrí sin, aon ní, nách Tu féin, a thabharfair dómh-sa, nó aon ní d'fhoillseóir dom ad' thaobh féin, nó do gheallfair dom, an fhaid ná feicim nó ná faighim Thu féin, is ró bheag é.

Mar, go deimhin ní féidir dom' chroí fíor shuaimhneas d'fháil, ná bheith lán tsásta, gan eirighe os cionn do thabharthaistí go léir, agus os cionn gach créatúra, agus stad ionat-sa féin.

3. O, a Thiarna Iosa Criost, is Tu mo chéile! Is Tu mo ghrá! Is Tu mo stór geal, glan! Is Tu rí na cruinne! Cé thabharfaidh dom dhá sgiathán agus cead gluaiste go dtéighead ag triall ort agus go bhfanad agat!

O, cathain a tabharfar dom, go hiomlán, caoi ar a dh'fheisgint cad é an t-aoibhneas atá ionat-sa, a Thiarna Dia?

Cathian a chruinneód mo machtnamh go hiomlán, ionat-sa, i dtreo, ls grá dhuit-se, ná mothód me féin i n-aon chor ach Tusa amháin lastuas de gach mothú agus de gach machtnamh, ar chuma nách é gach éinne a thuigeann?

Ach anois deinim osna go minic, agus is go buartha a dh'fhuilingim mo mhí-ádh.

(Tuille an tseachtain seo chughainn.)

# AITHRIS AR CHRIOST.

(O'n aistriúchán a dhein an tAthair Peadar Ua Laoghaire ar an "Imitatio Christi.")

## AN TRIOMHADH LEABHAIR.

**(Caibidil a h-aon agus fiche ar leanamhaint.)**

Mar tagan a lán droh nihi crosda oram sa täl ví-ortiúnach so, agus cuirid shiad buereav oram agus brón agus dorchadas. Cuirid shiad cosc lium go minic, agus bíd shiad am' chur amú agus am' veala agus am' chimeád shiar ó heacht chút-sa le h-iàsgacht, chun go dógfá idir do ghá láiv me, agus go dúrfá ghom an t-uívineas a hugan Tú d'anamnachuiv na víorän.

Gél, a Hiarna, dom' osna, agus dom' uegineas er a säl so.

O, a Isa, a holus na glóiri shyry, a hólás anama an deeóry, ní iadan mo viàl louirt leat, ach louran ciúnas mo chruatuin leat.

Cad é an aid a veg mo Hiarna gan teacht chúm?

Is me a herivíshach vocht; tagach Shé chúm agus cuireach Shé áhas oram. Shínach Shé a lâv chúm agus tógach Shé as gach guesh me.

Tair chúm! Tair chúm! Gan Tusa níl lá áhish ná uer a chluig áhish agam, mar is Tusa v'áhas-sa, agus gan Tusa is bórd loum mo vórd.

Is duini gan áird me, agus is a mrayidineas atáim, agus mo ghiàga ceanguilti, go dí go ducuir-shi agus go leocuir solus do ghné oram, agus go dúrhir fuasguilt oram, agus go disbeánhir do ghnúsh ró ghrávar dom.

5. Loirigeach duíni eli a rou rod ad' inead-sa; ní hásyn éingí eli mishi ná ní hásóig, ach Tusa fén, mar is Tu mo Ghie agus mo ghóchas, agus is Tu an veaha hyry.

Ní éshtad ná ní statad dem' ghy go dí go vílhig do ghrásda oram agus go lourhir fén lium ishdig am' chry.

Mar tagann a lán droch neithe crosta orm sa tsaol mhí-fhortiúnach so, agus cuirid siad buaireamh orm agus brón agus dorchadas. Cuirid siad cosc liom go minic, agus bíd siad am' chur amú agus am' mhealladh agus am' chimeád siar ó theacht chughat-sa le h-éasgacht, chun go dtógfá idir do dhá láimh me, agus go dtabharfá dhom an t-aoibhneas a thugann Tú d'anamnachaibh na bhfíoraon.

Géill, a Thiarna, dom' osna, agus dom' uaigneas ar an saol so.

O, a Iosa, a sholus na glóire síorruí, a shólás anama an deóruí, ní fhéadann mo bhéal labhairt leat, ach labhrann ciúnas mo chruatain leat.

Cad é an fhaid a bheidh mo Thiarna gan teacht chugham?

Is me a sheirbhíseach bhocht; tagadh Sé chugham agus cuireadh Sé áthas orm. Síneadh Sé a lámh chugham agus tógadh Sé as gach guais me.

Tar chugham! Tar chugham! Gan Tusa níl lá áthais ná uair a' chloig áthais agam, mar is Tusa m'áthas-sa, agus gan Tusa is bórd lom mo bhórd.

Is duine gan áird me, agus is i mbraighdineas atáim, agus mo ghéaga ceangailte, go dtí go dtiocfair-se agus go leigfir solus do ghné orm, agus go dtaisbeánfair do ghnúis ró ghrádhmhar dom.

5. Loirgeadh daoine eile a rogha rud ad' inead-sa; ní shásuíonn aon ní eile mise ná ní shásóidh, ach Tusa féin, mar is Tu mo Dhia agus mo dhóchas agus is Tu an bheatha shíoruí.

Ní éistfead ná ní stadfad de m' ghuí go dtí go bhfillfidh do ghrásta orm agus go labharfair féin liom istigh am' chroí.

(Tuille an tseachtain seo chughainn.)

# AITHRIS AR CHRIOST.

(O'n aistriúchán a dhein an tAthair Peadar Ua Laoghaire ar an "Imitatio Christi.")

## AN TRIOMHADH LEABHAIR.

**(Caibidil a h-aon agus fiche ar leanamhaint.)**

| | |
|---|---|
| 6. An Tiarna—Fiàch, táim anso. Fiàch agat anso Me, mar do ghläsh oram. Do gheóracha, agus do vian, agus tûlycht, agus do ghólás chry, ishiad do vog Me agus do hug a trial ort Me. | 6. An Tiarna.—Féach, táim anso. Féach agat anso Me, mar do ghlaois orm. Do dheóracha, agus do mhian, agus t'úmhluíocht, agus do dhólás chroí, isiad do bhog Me agus do thug ag triall ort Me. |
| 7. An Sherivíshach—Agus duart: A Hiarna, do ghläs ort, agus ba vian lium Tu veh agam, agus vís olav er gach ní do chahav uem er do hon. | 7. An Seirbhíseach—Agus dubhart: A Thiarna, do ghlaos ort, agus ba mhian liom Tu bheith agam, agus bhíos ollamh ar gach ní do chaitheamh uaim ar do shon. |
| Agus is Tu fén do spriuc me er dúsh chun go loirigeóing Tu. | Agus is Tu féin do sprioc me ar dtúis chun go loirigeóinn Tu. |
| Mola 's bächas leat, a Hiarna! Do ghinish an vah so dod' herivíshach as líonvuireacht do hrócuiri. | Mola a's buidheachas leat, a Thiarna! De dheinis an mhaith so dod' sheirbhíseach as líonmhaireacht do thrócaire. |
| Cad tá agat' herivíshach le rá as do chóir ach é fé'n d'ûlú go híshal ad' láhir, agus cuínav a gôny er a feacuív fén agus er a olcas. | Cad tá agat' sheirbhíseach le rá os do chómhair ach é féin d'úmhlú go híseal ad' láthair, agus cuimhneamh i gcómhnuí ar a pheacaíbh féin agus ar a olcas. |
| Oir níl do vac-háuil er a vuil de nihiv úntacha er neav ná er talav. | Oir níl do mhacshamhail ar a bhfuil de neithibh iongantacha ar neamh ná ar talamh. |
| Tá t'oibreacha sár-vah, táid do vrehûntuishí ceart, agus ishé do leáunú do ryalan gach ili ní. | Tá t'oibreacha sár-mhaith, táid do bhreithúntaisí ceart, agus is é do leamhnú do rialan gach uile ní. |
| Mola agus glóiri dá vrí shin leat, a Eagna an Ahar. Mola agus bächas leat ó m' béal-sa agus ó m'anam, agus ó gach ní d'ár chruhig Die! | Mola agus glóire dá bhrí sin leat, a Eagna an Athar. Mola agus bächas leat ó m' béal-sa agus ó m'anam, agus ó gach ní d'ár chruthuigh Dia! |

(Caibidil a dó agus fiche an tseachtain seo chughainn.)

# AITHRIS AR CHRIOST.

(O'n Aistriúchán a dhein an tAthair Peadar Ua Laoghaire ar an "Imitatio Christi.")

## AN TRIOMHADH LEABHAIR.

### Calbidil a dó agus fihi.

**Cuînímísh er na tourhishdív líonvara atá aguing ó Ghie.**

1. An Sherivíshach. — Osguil, a Hiarna. mo chry chun eóluish er do ghlí, agus múin dom conus shúl do raer t'aheanta.

Túir 'om go duicing do hoil, agus go gimeátuing am' chuíni, le h-uruim ana vuar agus le h-aireachas muar, na tourhishdí atá brounta agat oram, iad go lér i n-éneacht agus gach tourhas díov fé leh, i dreó go dúrhing doit feasda an bächas is ceart.

Is eól dom, âfach, agus adavuim é, ná fuil er mo chumas bächas molta mar is cóir do húirt doit, dá ma mar gheaul er a búngc is lú acu é.

Is lú mishi fén ná än vah dár bhronuish orm. agus nuer a vachnuím er do vórgacht-sa tagan uahás oram.

2. Gach ní dá vuil aguing, a gorp agus a n-anam, ishdig a nár n-aigini agus lasmuh, do raer nádúra agus ais ciún nádúra, is uet-shi do fuaramuir é. Tisbeánuid na nihi shin go lér méd do ghea-véngi, méd do ghrá ghúing, méd do vahasa, agus gur uet atá gach mah fálta aguing.

Bíoch go vuer duini bresh sheochas duini eli, is uet-shi a fuarag idir veog agus muar, agus gan Tusa níor véidir an blúiri ba lú áil.

### Calbidil a dó agus fiche.

**Cuimhnighmís ar na tabharthaistíbh líonmhara atá againn ó Dhia.**

1. An Seirbhíseach. — Osgail, a Thiarna, mo chroí chun eoluis ar do dhlí, agus múin dom conus siúl do réir t'aitheanta.

Tabhair dhom go dtuigfinn do thoil, agus go gcimeádfainn am' chuimhne, le h-uraim ana mhór agus le h-aireachas mór, na tabharthaistí atá bronnta agat orm, iad go léir i n-éineacht agus gach tabharthas díobh fé leith, i dtreó go dtabharfainn duit feasda an buidheachas is ceart.

Is eól dom, ámhthach, agus admhuighim é, ná fuil ar mo chumas buidheachas molta mar is cóir do thabhairt duit, dá mba mar gheall ar an bpúnc is lúgha acu é.

Is lúgha mise féin ná aon mhaith d'ár bhronnais orm, agus nuair a mhachtnuighim ar do mhórdhacht-sa tagann uathbhás orm.

2. Gach ní dá bhfuil againn, i gcorp agus i n-anam, istig i n-ár n-aigne agus lasmuich, do réir nádúra agus os cionn nádúra, is uait-se do fuaramair é. Taisbeánaid na neithe sin go léir méid do dheagh-mhéinne, méid do ghrá dhúinn, méid do mhaitheasa, agus gur uait atá gach maith fálta againn.

Bíodh go bhfuair duine breis seachas duine eile, is uait-se a fuaradh idir bheag agus mór, agus gan Tusa níor bh'fhéidir an blúire ba lúgha fháil.

(Tuille an tseachtain seo chughainn.)

# AITHRIS AR CHRIOST.

(O'n aistriúchán a dhen an tAthair Peadar Ua Laoghaire ar an "Imitatio Christi.")

## AN TRIOMHADH LEABHAR.

**(Caibidil a dó agus fiche ar leanamhaint.)**

An té is mó do fuer, ní fédir dò myv as dá víhing fén, ná veh muarchúshach aish ciún duíni eli, ná veh tarcuishnach lesh an té ná fuer puíng. Mar, an té is lú a ghlacuig än chrediûint chuigi fén sa shgiàl, agus is mó d'ûlóig é fén agus gheóig a vächas le Die, shin é an té is feár agus is írdi.

An té a higean i n'aigini gurab' é fén an duini is suary ameasc duíni, agus is lú ceart chun onóra, shin é an té is oiriûny chun tourhishdí muara d'áil ó Ghie.

3. An té, áfach, nár tugag dò ach an beogán, ní ceart dò veh duerc ná mí chiàtach, ná veh a formad lesh an té a fuer an vuar-chuid. Fiàchuint chút-sa ishea is ceart dò, agus veh a mola do vahasa, mar go dugan Tú do hourhishdí uet chô fial, chô deavéngeach, i n-ashgi, gan tora agat er ghuini seochas duini.

Is uet a hagan gach ní, agus dá vrí shin is dual doit mola ins gach ní.

Is doit is eól cad is mah a húirt do gach duini, agus cad fá an beogán a veh ig duini agus an mórán ig duini eli. Ní h-aguing-na atá an ní shin do hishgint ach agat-sa, mar is Tu a chíon go silér cad tá tuílti ig gach duini fé leh.

4. Imi shin, a Hiarna, measim fén gur tourhas muar ó Ghie gan a veh ig duine ach an beogán d'éngí a hairigeóch mola ó viàluiv duini er. Agus measuim, má vachnyn duini er a huarycht fén agus er a ghealús, i n-inead veh duerc ná dubrónach mar gheaul er, gurab' âuluig is ceart dò áhas muar a veh er mar gheaul er, agus sásav aigini, mar gur housh-shi, a Hiarna Die, mar cháirdi fé leh ghoit fén, na duíni bochta, agus na duíni úiríshli, agus na duíni ná fuil än veas ig an säl so orha.

An té is mó do fuair, ní féidir do maoidheamh as dá bhíthinn féin, ná bheith mórchúiseach os cionn daoine eile, ná bheith tarcuisneach leis an té ná fuair puinn. Mar, an té is lugha a ghlacfaidh aon chreideamhaint chuige féin sa sgéal, agus is mó d'úmhlóidh é féin agus gheóbhaidh a bhuidheachas le Dia, siné an té is fearr agus is aoirde.

An té a thuigeann i n-'aigne gur b'é féin an duine is suairí ameasc daoine, agus is lugha ceart chun onóra, siné an té is oireamhnaí chun tabharthaistí móra dh'fháil ó Dhia.

3. An té, ámhthach, nár tugadh do ach an beagán, ní ceart do bheith duairc ná mí chéadfach, ná bheith ag formad leis an té a fuair an mhor-chuid. Féachaint chughat-sa isea is ceart do, agus bheith ag mola do mhaitheasa, mar go dtugann Tú do thabharthaistí uait chómh fial, chómh deaghmhéinneach, i n-aisge, gan tora agat ar dhuine seachas duine.

Is uait a thagann gach ní, agus dá bhrí sin is dual duit mola ins gach ní.

Is duit is eól cad is maith a thaibhairt do gach duine, agus cad fá an beagán a bheith ag duine agus an mórán ag duine eile. Ní h-againne atá an ní sin do thuisgint ach agat-sa, mar is Tu a chíonn go soiléir cad tá tuillte ag gach duine fé leith.

4. Uime sin, a Thiarna, measaim féin gur tabharthas mór ó Dhia gan a bheith ag duine ach an beagán d'aon ní a tharraingeóchadh mola ó bhéalaibh daoine air. Agus measaim, má mhachtnuíonn duine ar a shuaruíacht féin agus ar a dhealbhas, i n-inead bheith duairc ná dubrónach mar gheall air, gur b' amhlaidh is ceart áthas mór a bheith air mar gheall air, agus sásamh aigne, mar gur thoghais-se, a Thiarna Dia, mar cháirde fé leith dhuit féin na daoine bochta, agus na daoine úirísle, agus na daoine ná fuil aon mheas ag an saol so ortha.

(Tuille an teeachtain seo chughainn.)

# AITHRIS AR CHRIOST.

(O'n aistriúchán a dhein an tAthair Peadar Ua Laoghaire ar an "Imitatio Christi.")

## AN TRIOMHADH LEABHAR.

### Caibidil a trí agus fihi.

**Conus a tíocháin do lorag.**

1. An Tiarna.—A vic, túrhad eólus inish doit er vóhar na shychána agus na fíor-hírshi.

2. An Sherivíshach.—Din, a Hiarna, an ní shin aderir, mar is ró vah lium-sa é chlos.

3. An Tiarna.—Fouluim, a vic, veh nís tuguihi chum toili duini eli ghiànav ná chun do hoili fén a ghiànav.

Toiv, a gôny, an beogán a veh agat nís túshgi ná an mórán a veh agat.

Loirig, a gôny, an áit is íshli, agus veh fé vun gahéngi.

Iar, a gôny, agus guig, go niànfí toil Dé at' häv.

Fiàch, an té a ghinean mar shin tá shé er halav na shychána agus a tuenish.

4. An Sherivíshach.—A Hiarna, is geár an chayint í shin ráiti agat, gach tá mórán fíoräntachta er úmpar ici. Tá shí beog le louirt, ach tá shí lán de vrí, agus tá tora sevir erhi.

Dá viaduing-shi beart a ghiànav do raer na cayinti shin, ní vèach shé chô fuirishdi me chur trí na chéli.

### Caibidil a trí agus fiche.

**Conus an tsíocháin do lorg.**

1. An Tiarna.—A mhic, tabharfad eólus anois duit ar bhóthar na síochána agus na fíor-shaoirse.

2. An Seirbhíseach.—Dein, a Thiarna, an ní sin adeirir, mar is ró mhaith liom-sa é chlos.

3. An Tiarna.—Foghluim, a mhic, bheith níos tugtha chun toile duine eile dhéanamh ná chun do thoile féin a dhéanamh.

Togh, i gcómhnuí, an beagán a bheith agat níos túisge ná an mórán a bheith agat.

Loirg, i gcómhnuí, an áit is ísle, agus bheith fé bhun gach éinne.

Iarr, i gcómhnuí, agus guidh, go ndéanrí toil Dé at' thaobh.

Féach, an té a dheineann mar sin tá sé ar thalamh na síochána agus an tsuaimhnis.

4. An Seirbhíseach.—A Thiarna, is gearr an chaint í sin ráidhte agat, ach tá mórán fíoraontachta ar iomchar aici. Tá sí beag le labhairt, ach tá sí lán de bhrí, agus tá toradh saibhir uirthi.

Dá bhféadainn-se beart a dhéanamh do réir na cainte sin, ní bheadh sé chómh fuiriste me chur tré na chéile.

(Tuille an tseachtain seo chughainn.)

# AITHRIS AR CHRIOST.

(O'n aistriúchán a dhein an tAthair Peadar Ua Laoghaire ar an "Imitatio Christi.")

## AN TRIOMHADH LEABHAR.

**(Caibdil a trí agus fiche ar leanamhaint.)**

Mar, nuer a vohím me féin trí na chéli agus ualach er v'aigini, ní fada go vicim go mím trésh imeacht ón deagasc san.

Ach Tusa, ó's doit is fédir gach ili ní, agus ó's mian leat a gôny leas anama an duini, méaduig do ghrásda chúm, ionas go diucuig lium beart a ghiànav do raer do chayinti, agus leas v'anama ghiànav.

### GY

**i guingiv droh smuínti.**

A Hiarna Die, ná h-imig avad uem. A Ghie, fiàch oram agus couruig lium: mar tá mórán smuínti cirih am' aigini, agus mórán eagala, agus tá mo chry dá chiàsa acu.

Conus a gheód tríoha slán? Conus a vrishad tríoha?

"Ryd-sa rôt amach," aderir, "agus leacad er lár côchda muara an dôuin. Osgalód geaty na carcarach agus nochdad doit nihi diavara atá a volàch uet."

Go ninir shin, a Hiarna! Go louruir, agus go sguabuir as do rayrc an ili hays droh smuínti.

Shidé mo ghóchas agus v'än tólás, ruih a trial ort-sa ins gach triubalóid, mo vuinín a veh agam asat-sa, gläch ort ó lár mo chry, agus veh a brah go foyingeach er do chouir hólásach.

Mar, nuair a mhothuím me féin tré chéile agus ualach ar m'aigne, ní fada go bhfeicim go mbím tar éis imeacht ó'n dteagasc san.

Ach Tusa, ó's duit is féidir gach uile ní, agus ó's mian leat i gcómhnuí leas anama an duine, méaduigh do ghrásta chugham, ionas go dtiocfaidh liom beart a déanamh do réir do chainte, agus leas mh'anama dhéanamh.

### GUIDHE

**i gcoinnibh droch smuínte.**

A Thiarna Dia, ná h-imigh abhfad uaim. A Dhia, féach orm agus cabhruigh liom: mar tá morán smuínte eirithe am' aigne, agus mórán eagla, agus tá mo chroí dá chéasadh acu.

Conus a gheobhad tríotha slán? Conus a bhrisfead tríotha?

"Raghad-sa rómhat amach," adeirir, "agus leagfad ar lár comhachta móra an domhain. Osgalód geataí na carcrach agus nochtfad duit neithe diamhara atá i bhfolach uait."

Go ndeinir sin, a Thiarna! Go labhrair, agus go sguabair as do radharc an uile shaghas droch smuínte.

Sidé mo dhóchas agus m'aon tsólás, ruith a triall ort-sa i ngach trioblóid, mo mhainighin a bheith agam asat-sa, glaodhach ort ó lár mo chroí, agus bheith ag brath go foidhneach ar do chabhair shólásach.

(Tuille an tseachtain seo chughainn.)

# AITHRIS AR CHRIOST.

(O'n aistriúchán a dhein tAthair Peadar Ua Laoghaire ar an "Imitatio Christi.")

## AN TRIOMHADH LEABHAR.

(Caibidil a trí agus fiche ar leanamhaint.)

### GY

**a d'iaruig soluish aigini.**

Foyllshig me, a Isa ró vah, le gileacht soluish aigini, agus dibir amach as mo chry gach doirihacht.

Cuir srian le fánycht v'aigini, agus smachduig na droh nihi sho atá a cur oram chô dian.

Troid go láidir er mo hon agus bueg er na droh vehíg sho, na droh vianta meaultacha so, aderim; ionus go ndíanfí shychúin tríd' chôcht, agus go molfí Hu go muar ad' ríheylach näfa, 'shé shin, a guínshias ghlan.

Túir órdú do'n ghyh agus do'n stoirim. Abuir lesh a varuigi, Bí socuir. Abuir lesh a ngyh adueg, Ná shéd. Ansan beg ciúnas muar aun.

Cuir amach chúing do holus agus t'íringi, agus soyilshidísh er a dalav; óir is talav fän folav mishi go ninir-shi me hoyilshú.

Sguíl chúm anuas do ghrásda. Sguíl drúcht ó neav fé m' chry. Leog uishgi na cráifeachda amach go vliucha shé an talav, i dreó go diucuig an tora mah, an tora fónta.

Arduig suas an aigini sho atá brúiti fé ualach peacy, agus dainginig mo vian go lér er hólás na vlahas, i dreó, nuer a vlashad míshleacht an ívinish atá huas ná fanhig än tora agam er nihiv sälta.

Tóg chun shúil me agus sgar me le gach sólás díomuan, le gach sólás dá dagan ó nihiv sälta. Ní fédir d'éngí a cruhyg v'aigini hásav i geart, ná sueneas ná sólás iomalán do chur oram.

Táhig me go daingean leat fén fé cheangal do ghrá, mar is Tu aváin is sásav do'n té go vuil grá ige ghoit, agus gan Tu is neavní gach ili ní.

### GUIDHE

**a d'iarraidh soluis aigne.**

Foillsigh me, a Iosa ro mhaith, le gileacht soluis aigne, agus díbir amach as mo chroí gach doircheacht.

Cuir srian le fánuíocht m'aigne, agus smachtuigh na droch neithe seo atá ag cur orm chómh dian.

Troid go láidir ar mo shon agus buaidh ar na droch bheithidhigh seo, na droch mhianta meallacha so, adeirim; ionus go ndéanfí síochain tré d'chómhacht, agus go molfí Thu go mor ad' rítheaghlach naomhtha, 'sé sin, i gcoinsias ghlan.

Tabhair órdú do'n ghaoith agus do'n stoirm. Abair leis an bhfarraige, Bí socair. Abair leis an ngaoith adtuaidh, Ná séid. Ansan beidh ciúnas mor ann.

Cuir amach chughainn do sholus agus t'fhirinne, agus soillsidís ar an dtalamh; óir is talamh faon folamh mise go ndeinir-se me shoillsiú.

Sgaoil chugham anuas do ghrásta. Sgaoil drúcht ó neamh fé m' chroí. Leig uisge na cráibhtheachta amach go bhfliuchaidh sé an talamh, idtreó go dtiocfaidh an tora maith, an tora fónta.

Arduigh suas an aigne seo atá brúite fé ualach peacaí, agus daingnigh mo mhian go léir ar shólás na bhflaitheas i dtreó, nuair a bhlaisfead misleacht an aoibhnis atá thuas ná fanfaidh aon tora agam ar neithibh saolta.

Tóg chun siúil me agus sgar me le gach slás díombuan, le gach sólás da dtagann ó neithibh saolta. Ní féidir d'aon ní a cruthuigheadh m'aigne shásamh i gceart, ná suaimhneas na sólás iomlán do chur orm.

Táthaigh me go daingean leat féin fé cheangal da ghrá, mar is Tu amháin is sásamh do'n té go bhfuil grá aige dhuit, agus gan Tu is neamhní gach uile ní.

(Caibidil a ceathair agus fiche an tseachtain seo chughainn.)

# AITHRIS AR CHRIOST.

(O'n ai-triúchán a dhein an tAthair Peadar Ua Laoghaire ar an "Imitatio Christi.")

## AN TRIOMHADH LEABHAR.

### Caibidil a ceahir agus fihi.

**Shachuin fiarhycht i däv beaha ghuini eli.**

1. An Tiarna.—A vic, ná bí fiarhych, agus ná glac ort cúram bäh.

Cad é shin doit-shi so ná súd? Lean-so Mishi.

Cad é shin doit-shi cioca mar sho nú mar shúd atá a lihéd sho de ghuini. nú mar shin nú mar shúd a ghinean shé, nú do louran shé?

Ní gá ghoit-shi freaguirt do ghuíniv eli. Is doit fén a chahir freaguirt.

Cad chuigi ghoit buint leó, mar shin?

Fiach, ainhím-shi iad go lér. Chím gach uili ní fé'n ngrén. Is eól dom conus tá an shgiàl ig gach duini fé leh, a smuíneav, an ní atá ueg, agus cad í an ayim at'í curha ruimish ige.

Fágtar fúm-sa, dá vrí shin, gach uili ní. Din-shi do hueneas a cheapa, agus leog d'ear a toirimishe veh a diànav toirimishe oiread agus is mah lesh é.

Is er fén a hucuig pé rod a diàrha shé nú a ghiànha shé, mar ní fédir dò an duv a chur 'na gheal oram-sa.

Ná cuir síun a muar-chlú; ná á muar-hlua carad. Ná bíoch dúil agat a ngrá duíni ghoit.

Tá dol amú ana vuar ins na nihiv shin, agus dorchadas cry.

Do lourhing-shi mo vriahar leat go fonnavar agus do nochtuing doit nihi atá fé chelt, dá ninteá fairi er mo heacht chút, agus dorus do chry a veh osguilti agat dom.

Túir airi ghoit, agus din fairi agus úrnuihi, agus úluig tu fén ins gach ili ní.

### Caibidil a ceathair agus fiche.

**Seachain fiafraíocht i dtaobh beatha dhuine eile.**

1. An Tiarna.—A mhic, ná bí fiar-fuíoch, agus ná glac ort cúram baoth.

Cad é shin duit-se so ná súd? Lean-se Mise.

Cad é sin duit-se cé'cu mar seo nó mar siúd atá a leithéid seo do dhuine, nó an mar sin nó mar siúd a dheineann sé, nó do labhrann sé?

Ní gá dhuit-se freagairt do dhaoinibh eile. Is duit féin a chaithfir freagairt.

Cad chuige dhuit baint leó, mar sin?

Féach, aithnighim-se iad go léir. Chím gach uile ní fé'n ngréin. Is eól dom conus tá an sgéal ag gach duine fé leith, a smuíneamh, an ní atá uaidh, agus cad í an aidhm atá curtha ruimish ige.

Fágtar fúm-sa, dá bhrí sin, gach uile ní. Dein-se do shuaimhneas a cheapadh, agus leig d'fhear an toir-misg bheith ag déanamh toirmisg oiread agus is maith leis é.

Is air féin a thiocfaidh pé rud a déarfaidh sé nó a dhéanfaidh sé, mar ní féidir do an dubh a chur 'na gheal orm-sa.

Ná cuir suim i mór-chlú ná i mór-shlua carad. Ná bíodh dúil agat i ngrá daoine dhuit.

Tá dul amú ana mhór ins na neithibh sin, agus dorchadas croí.

Do labharfainn-se mo bhriathar leat go fonnamhar agus do nochfainn duit neithe atá fé cheilt, dá ndeinteá faire ar mo theacht chughat, agus dorus do chroí a bheith osgailte agat dom.

Tabhair aire dhuit, agus dein faire agus úrnuithe, agus úmhluigh tu féin ins gach uile ní.

(Caibidil a cúig agus fiche an tseachtain seo chughainn.)

# AITHRIS AR CHRIOST.

(O'n ais triúchán a dhein an tAthair Peadar Ua Laoghaire ar n "Imitatio Christi.")

## AN TRIOMHADH LEABHAR.

### Caibidil a cúig agus fihi.

**Na nihi a hugan shycháin aigini do ghuini go daingean, agus fíor ghol er ayig.**

1. An Tiarna—A vic, is mishi aduert Fáguim aguiv mo hycháin. Tuguim dív mo bycháin. Ní mar a hugan an saol a huguim-shi.

Taingheàn an tíochàin le gach éngi, ach ní hé gach éngi a chuirean sím ins na nihiv a vuinean le fíor-hycháin..

Is ig lucht na húlyebda agus na ceaunsachda a víon mo hycháin-shi. Is a muar-chuid foyingi a veg shycháin le fáil agat-sa.

Má éshdan tú lium-sa, agus má ghinean tú mo chóirli, beg er do chumas mórán shychána veh agat.

2. An Sherivíshach—Agus cad tá agam le diànav, a Hiarna?

3. An Tiarna—Ins gach uili ní túir airi ghoit fén, don rod a veg agat á ghiànav, ag s don rod a veg agat á reá; agus ná bíoch d'ayim agat chyhi ach so, go niànfá Mishi hásav, agus, lasmuh ghiom-sa, gur chuma leat cad a ghiànfadh éngí er bih.

### Caibidil a cúig agus fiche.

**Na neithe a thugann síocháin aigne de dhuine go daingean, agus fíor dhul ar aghaidh.**

1. An Tiarna—A mhic, is mise adubhairt, Fágaim agaibh mo shíocháin. Tugaim díbh mo shíocháin. Ní mar a thugann an saol a thugaim-se.

Taithneann an tsíocháin le gach éinne, ach ní hé gach éinne a chuireann suim ins na neithibh a bhaineann le fíor-shíocháin.

Is ag lucht na húmhluíochta agus na ceannsachta a bhíonn mo shíocháin-se. Is i mór-chuid foidhne a bheidh síocháin le fáil agat-sa.

Má éisteann tú liom-sa, agus má dheineann tú mo chómhairle, beidh ar do chumas mórán síochána bheith agat.

2. An Seirbhíseach—Agus cad tá agam le dhéanamh, a Thiarna?

3. An Tiarna—Ins gach uile ní tabhair aire dhuit féin, do'n rud a bheidh agat 'á dhéanamh, agus do'n rud a bheidh agat 'á rá; agus ná biodh d'aidhm agat choíche ach so, go ndéanfá Mise shásamh, agus, lasmuich dhíom-sa, gur chuma leat cad a dhéanfadh aon ní ar bith.

(Tuillb an tseachtain seo chughainn.)

# AITHRIS AR CHRIOST.

(O'n ais triúchán a dhein an tAthair Peadar Ua Laoghaire ar an "Imitatio Christi.")

## AN TRIOMHADH LEABHAR.

Ansan, ná túir breh oban er chayint ná er ghníov an ir haul, agus ná bíoch än vuint agat le gnóhív ná buinean leat. Má ghinean tú an chôirli shin ní cuirfar puíng trí chéli aigini ort, nú is anav a cuirfar.

Ach i däv gan än vuereav aigini do heacht chyhi er ghuini, ná än ghearán cry ná cuirp, ní h-er an säl so is fédir an ní shin, ach er staid a tuenish hyry.

Ná meas, dá vrí shin, go vuil fíor-hycháin fálta agat nuer ná mohyn tú än ualach a cur ort; agus ná meas go vuil gach éngí go mah nuer ná mohyn tú éngi a gväil at' chuingiv. Agus ná meas go vuil gach ní 'na cheart toisc gach ní veh do raer do hoili-shi.

Agus ná meas gur muar le rá hu fén, ná go vuil grá fé leh ig Dia ghoit, má vohyn tú cráifeacht vuar ionat agus suerceas. Ní hins na nihiv shin atá grá fíringeach do'n forántacht, ná dol an duini er ayig i ndílsi spridálta.

Ansan, ná tabhair breith obann ar chaint ná ar ghníomh an fhir thall, agus ná bíodh aon bhaint agat le gnóthaíbh ná baineann leat. Má dheineann tú an chómhairle sin ní curfar puinn tré chéile aigne ort, nó is anam a curfar.

Ach i dtaobh gan aon bhuaireamh aigne do theacht choíche ar dhuine, ná aon ghearán croí ná cuirp, ní h-ar an saol so is féidir an ní sin, ach ar staid an tsuaimhnis shíoruí.

Ná meas, dá bhrí sin go bhfuil fíor-shíocháin fálta agat nuair ná mothuíonn tú aon ualach ag cur ort; agus ná meas go bhfuil gach aon ní go maith nuair ná mothuíonn tú aon ní ag gabháil at' choinnibh. Agus ná meas go bhfuil gach ní 'na cheart toisc gach ní bheith do réir do thoile-se.

Agus ná meas gur mór le rá thu féin, ná go bhfuil grá fé leith ag Dia dhuit, má mhothuíonn tú cráibhtheacht mhór ionat agus suairceas. Ní h-ins na neithibh sin atá grá fírinneach do'n fhíoraontacht, ná dul an duine ar agaidh i ndílse spioradálta.

(Tuille an tseachtain seo chughainn.)

# AITHRIS AR CHRIOST.

(O'n aistrúchán a dhein an tAthair Peadar Ua Laoghaire ar an "Imitatio Christi.")

## AN TRIOMHADH LEABHAR.

(Caibidil a cúig agus fiche ar leanamhaint.)

4. An Sherivíshach.—Agus cad aun, a Hiarna?

5. An Tiarna.—A gur do hoili, ó chry go h-iomlán, le toil Dé, gan ayim er bih agat er éngí a vuinhach leat fén, a veeg ná a vuar, er a säl so ná er a säl eli.

I dreó gur chuma leat á nú mí-á do heacht ort, agus go nglacíá gach täv acu lesh an aigini chiàna, agus go ngeófá a mächas le Die mar a chéli díreach.

Má eiríon leat neart aigini agus fadulag agus muinín à Die veh agat, i dreó, bíoch ná fágfar än tólás spridálta agat, go meg do chry olav chun san, agus nís mó ná san, d'ulag, agus ná be tú a dol er do chosint fén, agus á reá nách ceart a iaruig ort oiread san d'ulag, ach go n-adavóir Mishi veh ceart ins gach ní, agus go molhir mo näfacht; ansan ishea veg do chos er a móhar geart chun na shychána, agus dóchás deinihach agat go vicir mo ghnúsh-shi irísh i n-uívineas.

Ach má hagan leat neahím i geart do chur ionat fén, tuig at' aigini gurab'iné uer a veg shycháin aigini i geart agat, chô fada agus is fédir doit inéachor é, an aid a ve tú er a säl so.

4. An Seirbhíseach.—Agus cad ann a Thiarna?

5. An Tiarna.—I gcur do thoile, ó chroí go h-iomlán, le toil Dé, gan aidhm ar bith agat ar aon ní a bhaineadh leat féin, a bheag ná a mhór, ar an saol so ná ar an saol eile.

I dtreó gur chuma leat ádh nó mí-ádh do theacht ort, agus go nglacfá gach taobh acu leis an aigne chéana, agus go ngeóbhthá a mbuidheachas le Dia mar a chéile díreach.

Má eiríonn leat neart aigne agus fadfhulang agus mainighin à Dia bheith agat, i dtreó, bíodh ná fágfar aon tsólás spioradálta agat, go mbeidh do chroí ollamh chun san, agus níos mó ná san, a dh'fhulang, agus ná beidh tú ag dul ar do chosaint féin agus 'ghá rá nách ceart a dh'iarraidh ort oiread san a dh'fulang, ach go n-admhóchair Mise bheith ceart ins gach ní, agus go molfair mo naomhthacht; ansan isea bheidh do chos ar an mbóthar gceart chun na síochána, agus dóchas deimhnitheach agat go bhfeicfir mo ghnúis-se airís i n-aoibhneas.

Ach má thagann leat neamhshuim i n-gceart do chur ionat féin, tuig at' aigne gur b'shlné uair a bheidh síocháin aigne i gceart agat, chómh fada agus is féidir duit i n-aon chor é, an fhaid a bheidh tú ar an saol so.

(Caibid a sé agus fiche an tseachtain seo chughainn.)

# AITHRIS AR CHRIOST.

(O'n aistriúchán a dhein an tAthair Peadar Ua Laoghaire ar an "Imitatio Christi.")

## AN TRIOMHADH LEABHAR.

### Caibidil a shé agus fihi.

**Tugann gy chun Dé, don aigini atá sgarha ó'n säl, tógáilt cíng ná tugan lé leour di.**

1. An Sherivíshach.—A Hiarna, ishé an fíoräon gan locht ná bogan a aigini chyhi de nihiv spridálta, ach do ghoun trí vuereav gan ní er bih a veh a diànav buarha ghò; agus ní le neahím a ghinean shé é, ná le mairivití aigini, ach lesh an mua a víon er an aigini a víon sgarha ó'n säl agus ná bíon greim clän ig éngí sälta erhi.

2. Aicim ort, a Hiarna ró vah, me chimeád ó hriubalóidív na beaha so, ionus ná biàrhidísh greim oram; me chimeád ó riachtanuishív líonvara na cola, sar a vaych pléshúr greim oram, me chimeád ó gach ní a ghineann bárhan don aigini, le h-eagla go mrishach er a voyingi agam agus go leagfí er lár me.

Ní h-ós na nihiv sho a loirigean lucht byshi a tael chô dian a iaruim ort me chimeád, ach ós na mí-ortiúnuiv sho a hug easguini choitian a vásh er a nuini, agus a víon am' brú shys agus am' harac i nieg mo chúil, agus a cosc m'aigini er chead a cíng a veh **ici i nihiv spridálta nu?r** is áil lium é.

### Caibidil a sé agus fiche.

**Tuagnn guí chun Dé, don aigne at.. sgartha ó'n saol, tógáilt cinn ná tugann léigheadh leabhar di.**

1. An Seirbhíseach.—A Thiarna, is é an fíoraon gan locht ná bogann a aigne choíche de neithibh spioradálta, ach do ghabhann tré bhuaireamh gan ní ar bith a bheith ag déanamh buartha dho; agus ní le neahshuim a dheineann sé é, ná le mairbhití aigne, ach leis an mbuadh a bhíonn ar an aigne a bhíonn sgartha ó'n saol agus ná bíonn greim claon ag aon ní saolta uirthe.

Aithchim ort, a Thiarna ró mhaith, me chimeád ó thrioblóidíbh na beatha so, ionus ná béarfaidís greim orm; me chimeád ó riachtanaisíbh líonmhara na colna, sar a bhfaghadh pléisiúr greim orm, me chimeád ó gach ní a dheineann bárthan don aigne, le h-eagla go mbrisfeadh ar an bhfoidhne agam agus go leagfí ar lár me.

Ní h-ós na neithibh seo a loirgeann lucht baoise an tsaoil chómh dian a dh'iarraim ort me chimeád, ach ós na mí-fhortiúnaibh seo a thug easgaine choitchian an bháis ar an nduine, agus a bhíonn am' brú síos agus am' tharrang i ndiaidh mo chúil, agus ag cosc m'aigne ar chead a cinn a bheith aici i neithibh spioradálta nuair is áil liom é.

(Tuille an tseachtain seo chughainn.)

# AITHRIS AR CHRIOST.

(O'n aistriúchán a dhein an tAthair Peadar Ua Laoghaire ar an "Imitatio Christi.")

## AN TRIOMHADH LEAGHAR.

(Caibidil a sé agus fiche ar leanamhaint.)

3. O, a Ghie, a huerceas gan teóra, úmpuig chun sherihin dom gach sólás corparha a víon a teacht idir me agus sólás na vlahas, agus a tarac mo chry i leatuív ueg, agus am' veala chuigi féin trí vihing phéshúir égin sälta, ayileasda.

A Ghie vuer, ná bereach fuil agus feóil bua oram. Ná leog do ghloiri ghíomuan an tael sho me veala. Ná leog don annsprid chealagach me hárú.

Túir dom neart chun cur a guingiv mo náud, fadulang i dreó ná gélhing, sheasavacht a dreó go merg buan.

I n-inead gach sólásh sälta túir dom sólás an Sprid Nuív. I n-inead ghrá na cola túir dom grá do t'ainim näfa féin.

4. Bie, deoch, éadach, na nihi sho go lér atá riachdanach chun an chuirp a chimeád suas, is dua iad don duini spridálta.

Túir dô-sa go niànhing úsáid díov san go measarga, agus ná cuirhing än ró-ghúil ionta.

Ní ceaduihi iad go lér do hrégean mar ní fláir an cholan do chimeád beó. Ach ní cheadyn an dlí näfa an nea-ghá d'iaruig, an ní ná fuil ann ach phéshúr. Do chuirhach san an cholan ó smacht na h-aigini.

Ins na nihiv shin, a Hiarna, do lâv-sa go shdiúruig me i dreó ná ray mé an iomad i leh än tuív.

3. O, a Dhia, a shuairceas gan teóra, iompuigh chun seirbhthin dom gach sólás corpartha a bhíonn ag teacht idir me agus sólás na bhflaitheas, agus ag tarrang mo chroí i leith-taoibh uaidh, agus am' mhealladh chuige féin tré bhíthinn phéisiúir éigin saolta, aimhleasta.

A Dhia mhóir, ná beireadh fuil agus feóil buadh orm. Ná leig do ghlóire dhíombuan an tsaoil seo mé mhealladh. Ná leig don annsprid chealgach me shárú.

Tabhair dom neart chun cur i gcoinnibh mo namhad, fadfhulang i dtreó ná géillfinn, seasamhacht i dtreo go mbeinn buan.

I n-inead gach sóláis saolta tabhair dom sólás an Spioraid Naoimh. I n-inead ghrá na colna tabhair dom grá do t'ainim naomhtha féin.

4. Biadh, deoch, é[illegible]h, na neithe seo ge léir atá riachtanach chun an chuirp do chimeád suas, is duadh iad don duine spioradálta.

Tabhair dómh-sa go ndéanfainn úsáid díobh san go measardha, agus ná cuirfinn aon ró-dhúil ionta.

Ní ceadaithe iad go léir do thréigean mar ní foláir an cholann do chimeád beó. Ach ní cheaduíonn an dlí naomhtha an neamhghádh d'iarraidh, an ní ná fuil ann ach phéisiúr. Do chuirfeadh san an cholann ó smacht na h-aigne.

Ins na neithibh sin, a Thiarna, do lámh-sa go stiúruighidh me i dtreó ná raghaidh mé an iomad i leith aon taoibh.

(Caibidil a seacht agus fiche an tseachtain seo chughainn.)

# AITHRIS AR CHRIOST.

(O'n aistriúchán a dhein an tAthair Peadar Ua Laoghaire ar an "Imitatio-Christi.")

## AN TRIOMHADH LEABHAR.

(Caibidil a seacht agus fiche ar leanamhaint.)

Má loirigean tú an rod so nú an rod úd, nú mas mian leat veh san áit sho nú san áit úd, chun do hairifi fén, nú chun bresh de d' hoil fén a veh agat, ní veg sueneas go deó agat ná ní ver sär ó vuereav, mar beg rod égin i n-easnav er an ili ní agat, agus beg duini égin a cur ad'chuingiv ins gach ili áit.

3. Ní hé do vuac, dá vrí shin, nihi áil, ná iad do chur i méd, lasmuh ghíot, ach gan än tuím a chur ionta, agus iad do gheara amach as do chry ó frév.

Ná tuig gur a däv airigid nú a däv sevirish aváin aderim an méd shin. Derim é, lesh, a däv gach dúil a n-onóir, nú a mola ó viäluiv duíni, nihi a imíon nuer imíon an säl.

Is beog an vah áit shochas a chéli má víon sprid na cráifeachda i n-easnav, agus ní buan í an tíocháin a loirigihar lasmuh, mura meg cloch buíng na síochána ishdig sa chry, shé shin, mura meg do heasav ionam-sa. Beg er do chumas aharú, ach ní chun feaush é.

Má loirgeann tú an rud so nó an rud úd, nó más mian leat bheith san áit seo nó san áit úd, chun do thairbhe féin, nó chun breis de d' thoil féin a bheith agat, ní bheidh suaimhneas go deó agat ná ní bheir saor ó bhuaireamh, mar beidh rud éigin i n-easnamh ar an uile ní agat, agus beidh duine éigin ag cur ad' choinnibh ins gach uile áit.

3. Ní hé do bhuac, dá bhrí sin, neithe dh'fháil, ná iad do chur i méid, lasmuich dhíot, ach gan aon tsuim a chur ionta, agus iad do ghearra amach as do chroí ó phréimh.

Ná tuig gur i dtaobh airgid nó i dtaobh saibhris amháin adeirim an méid sin. Deirim é, leis, i dtaobh gach dúil i n-onóir, nó i moladh ó bhéalaibh daoine, neithe a dh'imíonn nuair imíonn an saol.

Is beag an mhaith áit seachas a chéile má bhíonn spioraid na cráibhtheachta i n-easnamh, agus ní buan í an tsíocháin a loirgthear lasmuich, mura mbeidh cloch buinn na síochána istigh sa chroí, sé sin, mura mbeidh do sheasamh ionam-sa. Beidh ar do chumas atharú, ach ní chun feabhais é.

(Tuille an tseachtain seo chughainn.)

# AITHRIS AR CHRIOST.

(O'n aistriúchán a dhein an tAthair Peadar Ua Laoghaire ar an "Imitatio Christi.")

## AN TRIOMHADH LEABHAR.

(Caibidil a seacht agus fiche ar leanamhaint.)

### Gy

a d'iaruig glanachuir cry, agus a d'iaruig eagana.

Neartuig me, a Ghie, le grásda an Sprid Nuív.

Túir dom mo neartú ishdig am' aigini, agus go volavófí mo chry ó gach buereav bäh, neahairifeach; agus ná cuirhad mo ghúil i n-éngi feasda, bíoch shé sevir nú suarach; ach go duicead am' aigini go vuil nihi an tael go lé ig imeacht chun shúil, agus me fén, chô mah leó, ag imeacht.

Mar níl éngí fé ly na gréni sheasavach. Níl ins gach ní ach bysh agus buereav aigini. O, nách mah an chial don té a higean nihi er a guma san.

Túir-shi ghô-sa, a Hiarna, eagana neága, ionus go voulumóing conus Tusa do lorag, har gach ní, agus d'áil; conus greaun do chur ort agus grá húirt doit; agus, do raer t'eagana-sa, gach ní eli do hishgint fé mar atá shé, le fíringi.

Túir dom an plámásy do heachuint go cialvar, agus cur suas le lucht toirimishc go foyingeach.

Mar is muar agus is mah an chial gan lasa le guih gach cayinti, ná cluas a húirt do viàl a vladuir.

Shin mar a leanhimíd gan cúntúirt an bóhar atá tosnuihi aguing er ghváil.

### Guí

a d'iarraidh glanachair croí, agus a d'iarraidh eagna.

Neartuigh me, a Dhia, le grásta an Spioraid Naoimh.

Tabhair dom mo neartú istigh am' aigne, agus go bhfolamhóchthí mo chroí ó gach buaireamh baoth, neamhthairbheach; agus ná cuirfead mo dhúil i n-aon ní feasta, bíodh sé saibhir nó suarach; ach go dtuigfead am' aigne go bhfuil neithe an tsaoil go léir ag imeacht chun siúil, agus me féin, chómh maith leó, ag imeacht.

Mar níl aon ní fé luí na gréine seasamhach. Níl ins gach ní ach baois agus buaireamh aigne. O, nách maith an chiall don té a thuigeann neithe ar an gcuma san.

Tabhair-se dhomh-sa, a Thiarna, eagna neamhdha, ionus go bhfoghlumóchainn conus Tusa do lorg, thar gach ní agus d'fháil; conus greann do chur ort agus grá thabhairt duit; agus, do réir t'eagna-sa, gach ní eile do thuisgint fé mar atá sé, le fírinne.

Tabhair dom an plámásaí do sheachaint go ciallmhar, agus cur suas le lucht toirmisc go foidhneach.

Mar is mór agus is maith an chiall gan lasadh le gaoith gach cainte, ná cluas a thabhairt do bhéal an bhladair.

Sin mar a leanfaimíd gan conntabhairt an bóthar atá tosnuithe againn ar ghabháil.

(Caibidil a h-ocht agus fiche an tseachtain seo chughainn.)

# AITHRIS AR CHRIOST.

(O'n aistriúchán a dhein an tAthair Peadar Ua Laoghaire ar an "Imitatio Christi.")

## AN TRIOMHADH LEABHAR.

### Caibidil a h-ocht agus fihi.

**A n-ay bél na cúl-chayinti.**

1. An Tiarna—A vic, ná cuireach shé gruem ort má víon droh veas ig duíniv áirihi ort, agus má louruid shiad ad' häv er chuma ná tainghig leat.

Is áula is ceart doit fén veh nís crua ort fén ná mar atá éngi ort, agus a hishgint ná fuil éngi nís luigi ná hu.

Dá dugtá an airi cheart do t' aigini fén ba chuma leat cad a ghiànhach focal cayinti, ná fuil aun ach gäh.

Níl cial bheog do ghuini veh ciúin le líng an uile, agus ayig a húirt oram-sa lashdig, agus gan buereav a ghlaca mar gheaul er vrehúntas duíni.

2. Ná bíoch do híocháin a miàluiv duíni, mar peoca olc nú mah a diàrhid shiad ad' häv ní ghiànhig a gayint aharú ionat-sa. Ní ghiànhi shí duini eli ghíot. Ca vuil fíor-híocháin le fáil? Ca vuil fíor-ghlóiri lo fáil? Nách ionam-sa?

An té ná beg a d'iaruig duíni hásav, agus nách eagal lesh mí-hásav a chur orha, beg mórán shychána ige.

A grá a víon bun ash ciún, agus à h-eagala nách gá, ishea hagan gach buereav cry agus gach mearahal íntingi.

### Caibidil a h-ocht agus fiche.

**I n-aghaidh béil na cúl-chainte.**

1. An Tiarna—A mhic, ná cuireadh sé gruaim ort má bhíonn droch mheas ag daoinibh áirithe ort, agus má labhraid siad ad' thaobh ar chuma ná taithnfidh leat.

Is amhlaidh is ceart duit féin bheith níos cruadha ort féin ná mar atá éinne ort, agus a thuisgint ná fuil éinne níos laige ná thu.

Dá dtugteá an aire cheart do t' aigne féin ba chuma leat cad a dhéanfadh focal cainte, ná fuil ann ach gaoth.

Ní ciall bheag do dhuine bheith ciúin le linn an uile, agus aghaidh a thabhairt orm-sa laistigh, agus gan buaireamh a ghlacadh mar gheall ar bhreitheamhantas daoine.

2. Ná bíodh do shíocháin i mbéalaibh daoine, mar pé'cu olc nó maith a déarfaid siad ad' thaobh ní dhéanfaidh a gcaint atharú ionat-sa. Ní dhéanfaidh sí duine eile dhíot. Cá bhfuil fíor-shíocháin le fáil? Cá bhfuil fíor-ghlóire le fáil? Nách ionam-sa?

An té ná beidh a d'iarraidh daoine shásamh, agus nách eagal leis mí-shásamh a chur ortha, beidh mórán síochána aige.

A' grá a bhíonn bun os cionn, agus a h-eagla nách gá, iseadh thagarn gach buaireamh croí agus gach mearbhall intinne.

(Caibidil a naoi agus fiche an tseachtain seo chugainn.)

# AITHRIS AR CHRIOST.

(O'n aistriúchán a dhein an tAthair Peadar Ua Laoghaire ar an "Imitatio Christi.")

## AN TRIOMHADH LEABHAR.

### Caibidil a nä agus fihi.

**Conus mar is ceart gläch er Ghie a n-aun triubalóidi, agus é vola.**

1. Go moltar t'ainim do híor, a Hiarna, ó shé do hoil näfa an cah so agus an triubalóid sho do leoguint oram.

Níl än dol ón gah agam, agus dá vrí shin, ní fláir dom teacht chút-sa chun go niànfá courú lium agus an läv uachduir a húirt dom, agus an triubalóid d'úmpáil chun tairfi ghom.

Táim i nguesh, a Hiarna, agus tá mo chry go buarha, mar tá an méd sho triubalóidi a cur oram go h-ana chrueg.

A Ahir ghil ghrúig, cad tá le rá agam? Tá an greim oram go daingean. Sär me as an uer sho.

Ach is imi do hánag ishdeach san uer sho, chun t'onóra-sa, nuer a vèad-sa ûluihi go mah, agus túrha sär agat-sa.

Deónuig, a Hiarna, me uasguilt, mar, cad is fédir do vochtán mar mishi ghiànav, nú cá dúrhad ayig gan Tusa?

Túir gr. da na foyingi ghom, a Hiarna, a láhir na h-ueri sho fén. Couruig lium, a Ghie vuer, agus ní ghlacad eagala pé brú a diànfar oram.

2. Agus inish, a lár mo hriubalóidi, cad diàrhad? A Hiarna, go nintar do hoil.

Is mah atá tuilti agam-sa triubalóid agus guesh a heacht oram.

Ní fláir dom fulag, is fíor. Go duga Dio ghom fulag go foyingeach go n-imíg an t-anuihi agus go daguig feaus.

Ach is fédir do chócht do lá-shi an cah so fén a hóguint díom, nú buint ó n-a ghéni, i dreó nú leagfí er lár er fad me. Do ghinish an ní shin go minic heana, a Hiarna, ró hrócuirig!

Agus dá véd a gheocaracht dó-sa ishea is mó is säráidí ghoit-shi, an t-aharú so ghiànav er láiv an Ilichóchduig.

### Caibidil a naoi agus fiche.

**Conus mar is ceart glaodhach ar Dhia i n-am trioblóide, agus é mholadh.**

1. Go moltar t'ainim do shíor, a Thiarna, ó 'sé do thoil ñaomhtha an cath so agus an trioblóid seo do leigint orm.

Níl aon dul ón geath agam, agus dá bhrí sin, ní foláir 'om teacht chúghat-sa chun go ndéanfá cabhrú liom agus an lámh uachtair a thabhairt dom, agus an trioblóid a dh'iompáil chun tairbhe dhom.

Táim i nguais, a Thiarna, agus tá mo chroí go buartha, mar tá an méid seo trioblóide ag cur orm go h-ana chruaidh.

A Athair dhil ghráidh, cad tá le rá agam? Tá an greim orm go daingean. Saor me as an uair seo.

Ach is uime do thánag isteach san uair-seo, chun t'onóra-sa, nuair a bhead-sa úmhluithe go maith, agus tabhartha saor agat-sa.

Deónuigh, a Thiarna, me dh'fhuaisgailt, mar, cad is féidir do bhochtán mar mise dhéanamh, nó cá dtabharfad aghaidh gan Tusa?

Tabhair grásta na foidhne dhom, a Thiarna, i láthair na h-uaire seo féin. Cabhruigh liom, a Dhia mhóir, agus ní ghlacfad eagla pé brúghadh a déanfar orm.

2. Agus aonis, i lár mo thrioblóide, cad 'déarfad? A Thiarna, go ndeintar do thoil.

Is maith atá tuillte agam-sa trioblóid agus guais a theacht orm.

Ní foláir dom fulang, is fíor. Go dtugaidh Dia dhom fulang go foidhneach go m-imighidh an t-anaithe agus go dtagaidh feabhas.

Ach is féidir do chómhacht do láimhe-se an cath so féin a thógaint díom, nó baint ó n-a dhéine, i dtreó ná leagfí ar lár ar fad me. Do dheinis an ní sin go minic cheana, a Thiarna, ró thrócairigh!

Agus dá mhéid a dheacaracht dómh-sa iseadh is mó is saoráidí dhuit-se, an t-atharú so dhéanamh ar láimh an Uilechómhachtaigh.

(Caibidil a tríochad an tseachtain seo chughainn.)

# AITHRIS AR CHRIOST.

(O'n aistriúchán a dhein an tAthair Peadar Ua Laoghaire ar an "Imitatio Christi.")

## AN TRIOMHADH LEABHAR.

### (Caibidil a tríochad ar leanamhaint.)

'Shé an cah a chuirean buereav ort; agus ishé an shgeón gan ghá a chuirean sgárd ort.

Cad a hagan doit à veh a cuineav er ghroh ní atá, b'édir, le teacht? Ní hagan as doit ach buert agus buert er muin a chéli. Ní beog do gach lá a chuid uile fén.

Buert a däv an uile nár háinig, agus ná tiucuig, b'édir; nú áhas a däv an tairifi ná táinig, agus ná tiucuig, b'édir; shin dá ní, agus is bäh, neahairifeach, an dá ní iad.

3. Ishé nádúr an duini veh a sáulú nihi er a guma san, agus á chur fén amú leó. Agus is aigini ná fuil fós ach lag a leocach don náuid í veala le folûs den tórd san.

Is cuma lesh an náuid ceoca le fíor nú le brég a veaulha shé hu, nú a chuirhi shé amú hu. Is cuma lesh ceoca le grá dos na nihiv atá agat, nú le h-eagala ruimish na nihi atá le teacht, do leaca shé er lár hu.

Ná bíoch, dá vrí shin, buercav ná eagal er do chry.

Cred ionam-sa agus bíoch muinín agat as mo hrócuiri.

Is minic nuer is shia is dó leat a vím-shi uet, gurab' ca is giura vím doit.

Is minic, nuer a dó leat-sa go míon gahärod cayilti nách muar, gurab' áuluig, i n'inead san, a víon mórán luacht séhir geaul le veh bueti agat.

'Sé an cath a chuireann buaireamh ort; agus is é an sgeón gan ghá a chuireann sgárd ort.

Cad a thagan duit a' bheith ag cuimhneamh ar dhroch ní atá, b'fhéidir, le teacht? Ní thagann as duit ach buairt agus buairt ar muin a chéile. ... beag do gach lá a chuid uile féin.

Buairt i dtaobh an uile nár tháinig, agus ná tiocfaidh, b'fhéidir; nó áthas i dtaobh an tairbhe ná táinig, agus ná tiocfaidh, b'fhéidir; shin dá ní, agus is baoth, neamhthairbheach, an dá ní iad.

3. Is é nádúr an duine bheith ag samhlú neithe ar an gcuma san, agus ghá chur féin amú leó. Agus is aigne ná fuil fós ach lag a leigfeadh don namhaid í mhealla le folmhas den tsórd san.

Is cuma leis an namhaid cé'cu le fíor nó le bréig a mheallfaidh sé thu, nó a chuirfidh sé amú thu. Is cuma leis cé'cu le grá dos na neithibh atá agat, nó le h-eagla roimis na neithe atá le teacht, do leagfaidh sé ar lár thu.

Ná bíodh, dá bhrí sin, buaireamh ná eagal er do chroí.

Creid ionam-sa agus bíodh mainighin agat as mo thrócaire.

Is minic, nuair is sia is dóich leat a bhím-se uait, gur b'ea is giorra bhím duit.

Is minic, nuair is dóich leat-sa go mbíonn gach aon rud caillte nách mór, gur b'amhlaidh, i n'inead san, a bhíonn mórán luacht saothair geall le bheith buaidhte agat.

(Tuille an tseachtain seo chughainn.)

# AITHRIS AR CHRIOST.

(O'n aistriúchán a dhein an tAthair Peadar Ua Laoghaire ar an "Imitatio Christi.")

## AN TRIOMHADH LEABHAR.

(Caibidil a triochad ar leanamhaint.)

Ní víon gahärod cayilti nuer a reáiníon rod a gváil at' chuingiv.

Ní ceart doit do vrehúntas a ghiànav do raer mar a víon t•aigini nuer a víon an triubalóid ort; ná leoguint d'än triubalóid, pé áit as a diuca shé, dridim chó dlúh shin leat gur ghó le duini ort ná bèach súil agat le fuasguilt ueg go deó.

4. Ná meas tu fén tréci er fad má chuirim chút triubalóid égin a leanhig er feag tamuil, nú má hóguim uet sólás égin is muar agat. Shiné an bóhar ishdeach go ryacht na vlahas.

Tuig at' aigini gurab'é do leas, agus leas mo herivíshach-sa go lér, go n-oibrófí shiv le triubalóidív; agus nárav' é úr leas inéachor gahärod a a veh er úr doil aguiv.

Is eól dó-sa smuínti an chry, na smuínti ná fictear; agus gurab'é leas t'anama hu ágáilt uereanta gan suerceas ná sólás, i dreó ná tiucach muar-is-fiú ort nuer a vèach rody ig eirí leat, agus ná behá a myv asat fén agus gan än vun lesh an myv.

An ní a hugas doit níl bae oram é hóguint uet; agus é húirt doit irish nuer is toil lium fénig é.

5. Nuer a húrhad doit é ishé mo chuid fén é, agus nuer a hócad uet é ní h-é do chuid-she a hócad. Oir is lium-sa gach tourhas mah agus gach brountanas sár-vah.

Ní bhíonn gach an rud caillte nuair a ráinionn rud ag gabháil at' choinnibh.

Ní ceart duit do bhreithiúntas a dhéanamh do réir mar a bhíonn t'aigne nuair a bhíonn an trioblóid ort; ná leigint d'aon trioblóid, pé áit as a dtiocfaidh sé, dridim chómh dlúth sin leat gur dhóich le duine ort ná beadh súil agat le fuasgailt uaidh go deo.

4. Ná meas tu féin tréigthe ar fad má chuirim chughat trioblóid éigin a leantaidh ar feadh tamaill, no ma thógaim uait sólás éigin is mór agat. Siné an bothar isteach go righeacht na bhflaitheas.

Tuig at' aigne gur b'é do leas, agus leas mo sheirbhíseach-sa go léir, go n-oibreóchthaí sibh le trioblóidíbh; agus nár bh'é bhúr leas i n-aon chor gach aon rud a bheith ar bhúr dtoil agaibh.

Is eol dómh-sa smuínte an chroí, na smuínte ná feictear; agus gur b'é leas t'anama thu fhágáilt uaireanta gan suairceas na sólás, i dtreo ná tiocfadh mór-is-fiú ort nuair a bheadh rudaí ag eirighe leat, agus ná beitheá ag maoidheamh asat féin agus gan aon bhun leis an maoidheamh.

An ní a thugas duit níl bac orm é thógaint uait; agus é thabhairt duit airís nuair is toil liom féinig é.

5. Nuair a thabharfad duit é is é mo chuid féin é, agus nuair a thógfad uait é ní h-é do chuid-se a thógfad. Oir is liom-sa gach tabhartas maith agus gach bronntanas sár-mhaith.

(Tuille an t-seachtain seo chughainn.)

# AITHRIS AR CHRIOST.

(O'n aistriúchán a dhein an tAthair Peadar Ua Laogha[illegible] "Imitatio Christi.")

## AN TRIOMHADH LEABHAR.

(Caibidil a tríochad ar leanamhaint.)

Má chuirim chút-sa dochar, nú nihi a gváil ad' chuingiv, ná bíoch diumá ort mar gheaul er, ná troma-chry.

Níl bac oram tu hóguint suas irísh gan vuíl, agus an triubalóid go lér d'úmpáil chun áhish.

Ach bíoch is agut go vuilim ceart, agus nách fédir locht áil er an rod a ghinim nuer a ghinim mar shin leat-sa.

6. Tuig an shgiàl i geart, agus bíoch an aigini cheart agut, agus fiàch chun fíringi an shgél, agus chíhir nách ceart doit chyhi gruem a veh ort mar gheaul er nihi veh a gváil ad' chuingiv, ach gur ab'áhas ba cheart a veh ort, agus fún bächuish a ghváil le Die.

Ní hé shin aváin, ach ba cheart doit áhas fé leh a veh ort mar gheaul er go guirim na triubalóidí ort agus ná sparáluim hu.

Mar atá grá túrha ig an Ahir dô-sa ishea tá grá túrha agam-sa ghív-shi. Shiní an chayint aduart lem' ghesh-giubaluiv ionúini féin. Agus ní hi dreó suercish sälta a chuireas uem iad, ach ishdeach a gahanuiv muara troma. Ní chun onóra chuireas iad, ach chun easónora. Ní hi dreó díovuíntuish a chuireas iad, ach i dreó séhir. Ní chun sâivi do cheapas iad, ach chun tora muar séhir a húirt chum le muar-ulag.

Cuînig er a gayint shin, a vic.

Má chuirim chúghat-sa dochar, nó neithe ag gabháil ad' choinnibh, ná bíodh diombá ort mar gheall air, ná troma-chroí.

Níl bac orm tu thógaint suas airís gan mhoill, agus an trioblóid go léir a dh'iompáil chun áthais.

Ach bíodh fhios agat go bhfuilim ceart, agus nách féidir locht fháil ar an rud a dheinim nuair a dheinim mar sin leat-sa.

6. Tuig an sgéal i gceart, agus bíodh an aigne cheart agat, agus féach chun fírinne an sgéil, agus chífir nách ceart duit choíche gruaim a bheith ort mar gheall ar neithe bheith ag gabháil ad' choinnibh, ach gur b'áthas ba cheart a bheith ort, agus fonn buidheachais a ghabháil le Dia.

Ní hé sin amháin, ach ba cheart duit áthas fé leith a bheith ort mar gheall air go gcuirim na trioblóidí ort agus ná sparálaim thu.

Mar atá grá tabhartha ag an Athair dómh-sa isea tá grá tabhartha agam-sa dhaoibh-se. Siní an chaint adubhart le m' dheisgiobulaibh ionmhuine féin. Agus ní hi dtreó suaircis saolta a chuireas uaim iad, ach isteach i gcath-anaibh móra troma. Ní chun onóra chuireas iad, ach chun easónora. Ní hi dtreó díomhaointis a chuireas iad, ach i dtreó saothair. Ní chun sáimhe do cheapas iad, ach chun tora mór saothair a thabhairt chugham le mór-fhulang.

Cumhnigh ar an gcaint sin, a mhic.

(Caibidil a h-aon agus tríochad an tseachtain seo chughainn.)

# AITHRIS AR CHRIOST.

(O'n aistriúchán a dhein an tAthair Peadar Ua Laoghaire ar an "Imitatio Christi.")

## AN TRIOMHADH LEABHAR.

### Caibidil a h-än agus tríochad.

**Neahuím i nihiv cruhihi ionus go vayfí an cruhiheóir.**

1. An Sherivíshach.—A Hiarna, ní muar dom tuili grásda áil má chahim dol chô fada san ná beg er chumas än duini, ná er chumas än chriatúra, ceaty er bih a ghiànav dom.

Mar, an aid a veg éngí am' chimeád shiar, ní fédir dom glueshacht chút-sa go h-iasga.

Glueshacht go h-iasga ishea heasduig ón nuini aduert, Cé húrhig dom shgiahain cluir agus ghueshód chun shuil go vay mé sueneas.

Cad is sueneasy ná súil hocuir, súil atá socuir er Ghie? Agus cé is iasga, nú is síri ó cheangal, ná an té atá gan dúil hälta?

Ní fláir do ghuini, dá vrí shin, eirí suas ash ciún gach ní a cruhyg, agus é fén do hrégean er fad, agus sheasav a násacht aigini, agus a ishgint gur Tusa do chruhig gach ili ní agus ná fuil ionat éngí is cosûil le nihiv cruhihi.

Agus mura meg duini sgarha go h-iomalán le nihiv cruhihi, ní fédir dò a aigini húirt do nihiv a vuinean le Die.

Agus ishé cúsh ná fuil puíng duíni a ghinean dlúvachnav er Ghie, mar ná fuil puíng duíni gurab'eól dóiv conus iad fén do sgur i geart ó nihiv cruhihi díomuana.

### Caibidil a h-aon agus tríochad.

**Neamhshuim i neithibh cruthuithe ionus go bhfaighfí an cruthuitheóir.**

1. An Seirbhíseach.—A Thiarna, ní mór dom tuille grásta dh'fháil má chaithim dul chómh fada san ná beidh ar chumas aon duine, ná ar chumas aon chréatúra, ceataí ar bith a dhéanamh dom.

Mar, an fhaid a bheidh aon ní am' chimeád siar, ní féidir dom gluaiseacht chúghat-sa go h-éasga.

Gluaiseacht go h-éasga isea theastuigh ón nduine adubhairt, Cé thabharfaidh dhom sgiatháin colúir agus gluaiseóchad chun siúbhail go bhfaighidh mé suaimhneas.

Cad is suaimhneasaí ná súil shocair, súil atá socair ar Dhia? Agus cé is éasga, nó is saoire ó cheangal, ná an té atá gan dúil shaolta?

Ní foláir do dhuine, dá bhrí sin, eirighe suas os cionn gach ní a cruthuíodh, agus é féin do thréigean ar fad, agus seasamh i ndásacht aigne, agus a dh'fheisgint gur Tusa do chruthuigh gach uile ní agus ná fuil ionat aon ní is cosmhail le neithibh cruthuithe.

Agus mura mbeidh duine sgartha go h-iomlán le neithibh cruthuithe, ní féidir do a aigne thabhairt do neithibh a bhaineann le Dia.

Agus is é cúis ná fuil puinn daoine a dheineann dlúthmhachtnamh ar Dhia, mar ná fuil puinn daoine gur b'eól dóibh conus iad féin do sgur i gceart ó neithibh cruthuithe díombuana.

(Tuille an tseachtain seo chughainn.)

# AITHRIS AR CHRIOST.

(O'n aistriúchán a dhein an tA thair Peadair Ua Laoghaire ar an "Imitatio Christi.")

## AN TRIOMHADH LEABHAR.

**(Caibidil a h-aon agus tríochad ar leanamhaint.)**

2. Ní fláir grásda ana vuar chuigi shin, grásda do hócuig an aigini suas go h-árd, suas as a ciún fén.

Agus mura meg aigini an duini árduihi er a guma san, agus sgurha er fad ó nihiv cruhihi, agus dlúiti er fad le Die, ní muar an veáchuint a veg 'na chuid eóluish, ná i n-éngí dá meg ige.

An té veasig éngí veh muar ach aváin Dię Muar na Glóiri, an t-Ardvah Shyry, is fada ve shé fén go suarach 'na ly er a dalav.

An ní nách Die is neavní é, agus is n'a neavní is ceart é veas.

Tá defiríocht vuar idir eólas an duini ghiaga a fuer solas ó Ghie agus ealy an chlérig léanta san na leour.

Is ueshli go muar an teagasc san a ghlueshan anuas le leaunú Dé ná an teagasc a fachtar à leouruiv le mórán séhir agus meaurúcháin.

3. Tá a lán agus ba vah leó veh ábalta er ghlúhvachnav a ghiànav, ach ní fún leó iad fén d'oibiriú ins na nihiv a vuinean lesh.

Dinean shé cosc muar, go mímíd sásda le côhrív agus le nihiv a hagan fé n-ár súil nú fé n-ár giàdfa, agus ná dinimíd än iaracht èr shing fén do smachdú i geart.

Ní eadar an doûn cad a víon oruing, ná cad é an sprid a víon dár shóla, ná cad a víon er aigini aguing. Tugtar duíni spridálta oruing; agus, 'na chuingiv shin haul, is muar an sähar a ghinimíd, agus is muar an cúram a ghinimíd, de ghnóhív díomuana, neahairifeacha, a tael sho, agus is er égin a vachnuímíd i geart chyhi, ishdig a n-ár n-aigini, er ár shlí chun Dé.

2. Ní foláir grásta ana mhór chuige sin, grásta do thógfaidh an aigne suas go h-árd, suas os a cionn féin.

Agus mura mbeidh aigne an duine árduithe ar an gcuma san, agus sgurtha ar fad ó neithibh cruthuithe, agus dlúithte ar fad le Dia, ní mór an mheáchaint a bheidh 'na chuid eólais, ná i -naon ní dá mbeidh aige.

An té mheasfaidh aon ní bheith mór ach amháin Dia Mór na Glóire, an t-Ardmhaith Síoruí, is fada bheidh sé féin go suarach, 'na luí ar an dtalamh.

An ní nách Dia is neamhní é, agus is 'na neamhní is cheart é mheas.

Tá deifríocht mhór idir eolus an duine dhiadha a fuair solus ó Dhia agus ealadha an chléirigh léigheanta san na leabhar.

Is uaisle go mór an teagasc san a ghluaiseann anuas le leamhnú Dé ná an teagasc a fachtar à leabhraibh le mórán saothair agus meabhrúcháin.

3. Tá a lán agus ba mhaith leo bheith ábalta ar dhlúthmhachnamh a dhéanamh, ach ní fonn leó iad féin d'oibriú ins na neithibh a bhaineann leis.

Deineann sé cosc mór, go mbímíd sásta le cómharthaíbh agus le neithibh a thagann fé n-ár súil nó fé n-ár gcéadfadh, agus ná deinimíd aon iarracht ar sinn féin do smachtú i gceart.

Ní fheadar an domhan cad a bhíonn orainn, ná cad é an sprid a bhíonn gh'ár seoladh, ná cad a bhíonn ar aigne againn. Tugtar daoine spiradálta orainn; agus, 'na choinnibh sin thall, is mór an saothar a dheinimíd, agus is mór an cúram a dheinimíd, do ghnóthaíbh díombuana, neamhthaibheacha, an tsaoil seo, agus is ar éigin a mhachnuímíd i gceart choíche, istigh i n-ár n-aigne ar slí chun Dé.

(Tuille an tseachtain seo chughainn.)

# AITHRIS AR CHRIOST.

(O'n aistriúchán a dhein an tAthair Peadar Ua Laoghaire ar an "Imitatio Christi.")

## AN TRIOMHADH LEABHAR.

(Caibidil a h-aon agus trichad ar leanamhaint.)

4. Monuar! Chô luah agus víon royint bheog machnuiv diànta aguing, shúd chun fáin irísh shing, agus gan än sgrúdú diànta aguing er ár ngníorhiv.

Ní iarhímíd díng fén cad er go míon ár ngreaun. Ní víon ár n-ínting glan, agus n ghinean san än bhuert dúing.

Ví gach feóil tar ésh a shlí do hrueliú: agus ansan do háinig an díli vuar

Nuer a víon ár ngreaun, ishdig ionuing, truelihi, ní fédir don ghnîov a hagan gan veh truelihi, mar ní víon an neart aun a hagan ó ghrásda Dé.

O chry ghlan a hagan tora er vealha veh .

5 Fiarhítear an muar a víon diànta ig duini; ach ní meátar chô cruíng an muar an íoräntacht a víon 'na ghnîov.

Fiarhítear an fear láidir é; an fear sevir é; an fear breá é: an fear clishdi é; an shgríngeóir mah é; an ceóly mah é; vuil shé go mah chun ebiri. Ach, cad é a vochti sa sprid? a oyingi? a víni? a chráifeacht? a vachnycht? Ní puíng a chuiníon er cheshdeanuiv den tórd san a chur.

Fiàchan nádúr chun an taev amuh de ghuini. Fiàchan grásda Dé chun an taev ishdig dè.

Meaultar nádúr an duini go minic. Ach bíon muinín à Die ig grásda Dé, ná leogfar é veala.

4. Monuar! Chómh luath agus bhíonn roinnt bheag machnaimh déanta againn, siúd chun fáin airís sinn, agus gan aon sgrúdú déanta againn ar ár ngníomharthaibh.

Ní fhiafraímíd dínn féin cad air go mbíonn ár ngreann. Ní bhíonn ár n-intinn glan, agus ní dheineann san aon bhuairt dúinn.

Bhí gach feóil tar éis a slí do thruailliú: agus ansan do tháinig an díle mhór.

Nuair a bhíonn ár ngreann, istigh ionainn, truaillithe, ní féidir don ghníomh a thagann gan bheith truaillithe, mar ní bhíonn an neart ann a thagann ó ghrásta Dé.

O chroí ghlan a thagann tora ar bheatha mhaith.

5. Fiafraightear an mór a bhíonn déanta ag duine; ach ní meághtar chómh cruinn an mór an fhíoraontacht a bhíonn 'na ghníomh.

Fiafraightear an fear láidir é; an fear saibhir é; an fear breá é; an fear cliste é; an sgríbhneóir maith é; an ceólaí maith é; an bhfuil sé go maith chun oibre. Ach, cad é a bhochte sa sprdi? a fhoidhne? a mhíne? a chráiththeacht? a mhachnuíocht? Ní puinn a chuimhníonn ar cheisteannaibh den tsórd san a chur.

Féachann nádúr chun an taoibh amuich de dhuine. Féachann grásta Dé chun an taoibh istigh de.

Mealltar nádúr an duine go minic. Ach bíonn mainighin à Dia ag grásta Dé, ná leigfear é mhealla.

(Caibidil a dó agus tríochad an tseachtain seo chughainn.)

# AITHRIS AR CHRIOST.

(O'n aistriúchán a dhein an tAthair Peadar Ua Laoghaire ar an "Imitatio Christi.")

## AN TRIOMHADH LEABHAR.

**Duini fén do hiàna, agus diúltú don tayint.**

1. An Tiarna.—A vic, ní fédir doit veh sär dáiríriv mura shiànuir hu fén go h-iomalán.

Na duínj a víon a gôny a fiàchuint chúha fén agus ag obuir er vaha leó fén, bíd shiad go lér fé cheangal. Lucht grá ghóiv fén iad san, lucht sayinti, lucht cúruim sälta, duíni a víon a gváil tímpa la gôny agus nách é an cruatan d'uilig Isa Críost a víon uaha, ach gahärod dá víni.

Bíd shiad a beartú agus a cur a mun a chéli, ach ní heasóig a sähar.

An sähar nár híolruig ó Ghie ray shé er neavní.

Ćimeád-sa an focal gairid fuirihi sho: Trég gach ní, agus gheóir gach ní. Trég do vian, agus beg sueneas agat.

Brehnig an méd shin go cruíng, agus nuer a chuirhir i ngnîov é tuicir na nihi shin go lér.

2. An Sherivíshach.—A Hiarna, ní sähar än lae an méd shin, agus ní spórt leanav é. Ní h-ea, ach tá curha shys sa vlúiri beog cayinti shin iomláine beaha an íoraen.

**Duine féin do shéanadh, agus diúltú don tsaint.**

1. An Tiarna.—A mhic, ní féidir duit bheith saor dáiríribh mura séanair thu féin go h-iomlán.

Na daoine a bhíonn i gcómhnuí ag féachaint chúcha féin agus ag obair ar mhaithe leó féin, bíd siad go léir fé cheangal. Lucht grá dhóibh féin iad san, lucht sainte, lucht cúraim saolta, daoine a bhíonn ag gabháil timpall i gcómhnuí agus nách é an cruatan a dh'fhuiling Iosa Críost a bhíonn uatha, ach gach aon rud dá mhíne.

Bíd siad ag beartú agus ag cur i mbun a chéile, ach ní sheasóidh a saothar.

An saothar nár shíolraidh ó Dhia raghaidh sé ar neamhní.

Cimeád-sa an focal gairid fuirbhthe seo: Tréig gach ní, agus gheóbhair gach ní. Tréig do mhian, agus beidh suaimhneas agat.

Breithnigh an méid sin go cruinn, agus nuair a chuirfir i ngníomh é tuigfir na neithe sin go léir.

2. An Seirbhíseach.—A Thiarna, ní saothar aon lae an méid sin, agus ní spórt leanbh é. Ní h-ea, ach tá curtha síos sa bhlúire beag cainte sin iomláine beatha an fhíorain.

(Tuille an tseachtain seo chughainn.)

# AITHRIS AR CHRIOST.

(O'n aistriúchán a dhein an tAthair Peadar Ua Laoghaire ar an "Imitatio Christi.")

## AN TRIOMHADH LEABHAR.

(Caibid a dó agus trí ochad ar leanamhaint.)

An Tiarna.—A mhic, ní ceart doit tarac shiar, ná do vishneach a chailiûnt, chô luah agus a chloshan tú a däv shlí na víorän. Hu fén a ghrísa chun nihi nís írdi ishea is ceart doit, agus, an chuid is lú ghè, do ghúil a chur ionta go díograsach.

Is trua gan an shgiàl mar sho agat, go mehá tar ésh gahärod a vuirim grá ghoit fén do chur uet er fad, agus gan do hoil agat ach mo hoil-shi, agus toil an té atá curha agam mar ahir as do chiún. Ansan ishea vehá tainghavach i geart am' láhir. Ansan ishea vèach säl sâv agat an chuid eli de d' veaha.

Tá mórán nihi fós agat le trégean, agus mara duguir suas dô-sa iad go h-iomalán ní hucuig leat an rod atá uet d'áil.

Ishí mo chóirli ghoit ór loshgihi do cheanach uem-shi ionus go mehá sevir: 'shé shin, eagana neavga, an eagana a ghoun de chosiv i nihiv sälta.

Cuir uet eagana an tael sho, 'shé shin, veh a d'iaruig hu fén agus an säl do hásav.

3. Shidé atá ráiti agam leat; túir uet na nihi is mó ig muíntir a tael sho, chun na nihi is beog ig muíntir a tael sho do cheanach.

Is beog agus is suarach ig muíntir an tael sho an eagana neavga. Is anav a chuíníd shiad erhi; an eagana san ader lesh a nuini gan veh muar ion fén, gan onóir hälta do lorag. Tá a lán a volan an eagana san le na miàl, ach is fada uehi a víon a meaha. Ach ishí an eagana san an teóid uasal atá a volach ó na lán.

An Tiarna.—A mhic, ní ceart duit tarrang siar, ná do mhisneach a chailliúint, chómh luath agus a chloiseann tú i dtaobh slí na bhfíoraon. *Thu féin* a ghríosa chun neithe níos *aoirde* isea is ceart duit, agus, an chuid is lúgha dhe, do dhúil a chur ionta go díograsach.

Is trua gan an sgéal mar seo agat, go mbeitheá tar éis gach aon rud i bhfuirm grá dhuit féin do chur uait ar fad, agus gan do thoil agat ach mo thoil-se, agus toil an té atá curtha agam mar athair os do chionn. Ansan isea bheitheá taithneamhach i gceart am' láthair. Ansan isea bheadh saol sámh agat an chuid eile de d' bheatha.

Tá mórán neithe fós agat le tréigean, agus mura dtugair suas dómh-sa iad go h-iomlán ní thiocfaidh leat an rud atá uait a dh'fháil.

Is í mo chómhairle dhuit ór loisgithe do cheanach uaim-se ionus go mbeitheá saibhir: 'sé sin, eagna neamhdha, an eagna a ghabhann de chosaibh i neithibh saolta.

Cuir uait eagna an tsaoil seo, 'sé sin, bheith a d'iarraidh thu féin agus an saol do shásamh.

3. Sidé atá ráite agam leat: tabhair uait na neithe is mór ag muintir an tsaoil seo, chun na neithe is beag ag muintir an tsaoil seo do cheannach.

Is beag agus is suarach ag muintir an tsaoil seo an eagna neamhdha. Is anamh a chuimhníd siad uirthi: an eagna san adeir leis an nduine gan bheith mór ann féin, gan onóir shaolta do lorg. Tá a lán a mholann an eagna san le na mbéal, ach is fada uaithi a bhíonn a mbeatha. Ach isí an eagna san an tseóid uasal atá i bhfolach ó na lán.

(Caibidil a trí agus tríochad an tseachtain seo chughainn.)

# AITHRIS AR CHRIOST.

(O'n aistriúchán a dhein an tAthair Peadar Ua Laoghaire ar an "Imitatio Christi.")

## AN TRIOMHADH LEABHAR.

### Caibidil a trí agus tríochad.

**Tá cry an duiin aharuhach agus is ceart dò a vun-intíng a veh chun Dé ige.**

1. An Tiarna.—A vic, ná bíoch ún-tuív agat a vún atá ort inish. Ahar-óig an fún san agus beg fú nách é ar baul ort.

An aid a ver beó be tú tuguihi don aharú, peoca is toil leat é nú nách toil. Be tú lá fé áhas, lá a muert; lá sâv, lá trí-na-chéli; lá dévóideach, lá gan dévóid; lá imníoch, lá neahim-níoch; lá doilivir, lá soilivir.

Ach cimeádan fear na h-eagana é fén go h-árd ash ciún na sóinshálach san go lér. Bíon an teagasc spridálta ige, agus is cuma lesh conas a hédean gäh na sóinshála ach a chry agus a aigini veh sheasavach i dreó na bun-intínge atá curha ruimish ige, fé mar is ceart dò.

Is fédir dò, er a guma san, é fén do chimeád er än dol avâin, gan suaha, gan sóinsháil, tríd an aharú go lér, nuer a chimeádan shé súil na h-aigini a gliniúint go cruíng oram-sa, gan fiàchuint i leah-tuív.

2. Agus dá ghluini a cimeádfar an húil ishea is dírí a glueshfar tríd a gashimirt.

Ach bíon an rayrc lag i súil na h-aigini igá lán duíni. Agus is fuir-ishdi leó fiàchuint i leah-tuív er rod a hainghean leó.

Agus is fánach duini gan iaracht veog égin dá aigini veh ag obuir er vaha lesh fén.

Shin mar a háinig na Iúduig fadó go Betania, a trial er Varta agus er Váiri, agus ní chun Iosa avâin d'ish-gint a hánadar, ach chun go vicidísh Lasarus, lesh.

Ní muar, dá vrí shin, súil na h-aigini do ghlana, i dreó go meg an rayrc inti fíringeach agus díreach, agus ansan ní fláir an rayrc san do chur a fiàchuint chúm-sa, de ghruím an ili ní dá vuil eadaruing.

### Caibidil a trí agus tríochad.

**Tá croí an duine athrutheach agus is ceart do a bhun-intinn a bheith chun Dé aige.**

1. An Tiarna.—A mhic, ná bíoch iontaoibh agat as an bhfonn atá ort anois. Atharóidh an fonn san agus beidh fonn nách é ar ball ort.

An fhaid a bheir beó beidh tú tugtha don atharú, pé'cu is toil leat é nó nách toil. Beidh tú lá fé áthas, lá i mbuairt; lá sámh, lá trí n-a chéile; lá démhóideach, lá gan démhóid; lá imnidheach, lá neamhimnidheach; lá doilbhir, lá soilbhir.

Ach cimeádann fear na h-eagna é féin go h-árd os cionn na sóinseálach san go léir. Bíonn an teagasc sprid-álta aige, agus is cuma leis conus a shéideann gaoth na sóinseála ach a chroí agus a aigne bheith seasamhach i dtreó na bun-intinne atá curtha roimis aige, fé mar is ceart do.

Is féidir do, ar an gcuma san, é féin do chimeád ar aon dul amháin, gan suatha, gan sóinseáil, tríd an atharú go léir, nuair a chimeádann sé súil na h-aigne ag glinneamhaint go go cruinn orm-sa, gan féachaint i leith-taoibh.

2. Agus dá ghlaine a cimeádfar an tsúil isea is dírí a gluaisfar tríd an gcaismirt.

Ach bíonn an radharc lag i súil na h-aigne agá lán daoine. Agus is fuir-iste leó féachaint i leith-taoibh ar rud a thaithneamh leó.

Agus is fánach duine gan iarracht bheag éigin dá aigne bheith ag obair ar mhaithe leis féin.

Sin mar a tháinig na Iúdaigh fadó go Betania, ag triall ar Mharta agus ar Mháire, agus ní chun Iosa amháin a dh'fheisgint a thánadar, ach chun go bhfeicidís Lasarus, leis.

Ní mór, dá bhrí sin, súil na h-aigne do ghlana, i dtreó go mbeidh an radharc inti fírinneach agus díreach, agus ansan ní foláir an radharc san do chur ag féachaint chumham-sa, de dhruim an uile ní dá bhfuil eadrainn.

(Caibidil a ceathair agus tríochad an tseachtain seo chughainn.)

# AITHRIS AR CHRIOST.

(O'n aistriúchán a dhein an tAthair Peadar Ua Laoghaire ar an "Imitatio Christi.")

## AN TRIOMHADH LEABHAR.

### Caibidil a ceahir agus tríochad.

**An té go vuil grá ige do Ghie tainghean Die lesh ins gach ní agus har gach ní.**

1. An Sherivíshach.—Fiàch, mo Ghie Hu! mo chuid an täl Hu! Cad ab ayil lium dg hili? Cá vuil sólás a vèach nís mó le lorag agam?

O ,ishé an briahar sváilceach milish é, don té a hugan grá don Vriahar agus ná tugan grá don täl, ná do nihiv a tael.

Mo Ghie Hu agus mo chuid an täl. Is leór san don té a higean an chayint i geart, agus is suerc lesh an té go vuil grá ige ghoit-shi an chayint do reá go minic.

Nuer a víon Tusa láirhach bíon suerceas ins gach ní, ach nuer ná bíon Tú láirhach ní víon ins gach ní ach sherihan.

Tugan Tusa sueneas cry ghúing, shycháin vuar aigini, áhas go fial.

Tugan Tusa ghúing smuíneav fónta ghiànav er gach éngi, agus Tu fén do vola ins gach ní. Agus ní fédir d'éngí veh avad taingheavach gan Tu. Agus, chun go mèach rod taingheavach, ní fláir do ghrásda-sa veh aun, agus ní fláir t'eagana veh á chórú agus á chur i dreó.

2. An té go vuil a huerceas ionat-sa is suerc dò gahärod. Agus an té ná mohíon än tuerceas ionat-sa níl än tuerceas ige le fáil a n-ärod er bih.

Ach na duíni go vuil eagana an tael sho acu tá t'eagana-sa i n-easnav orha. Suerceas na cola ishé a hainghean leó. Níl 'na n-eagana ach bysh. Ní hagan à suerceas na cola ach bás.

### Caibidil a ceathair agus tríochad.

**An té go bhfuil grá aige do Dhia taithneann Dia lesh ins gach ní agus thar gach ní.**

1. An Seirbhíseach.—Féach, mo Dhia Thu! mo chuid an tsaol Thu! Cad ab áil liom dá thuille? Cá bhfuil sólás a bheadh níos mó le lorg agam?

O, is é an briathar sobháilceach milis é, don té a thugann grá don Bhriathar agus ná tugann grá don tsaol ná do neithibh an tsaoil.

Mo Dhia Thu agus mo chuid an tsaol. Is leór san don té a thuigeann an chaint i gceart, agus is suairc leis an té go bhfuil grá aige dhuit-se an chaint sin do rá go minic.

Nuair a bhíonn Tusa láithreach bíonn suairceas ins gach ní, ach nuair ná bíonn Tú láithreach ní bhíonn ins gach ní ach sheirbhthean.

Tugann Tusa suaimhneas *croí* dhúinn, síocháin mhór aigne, *áthas go* fial.

Tugann Tusa dhúinn smuíneamh fónta dhéanamh ar gach éinne, agus Tu féin do mhola ins gach ní. Agus ní féidir d'aon ní bheith abhfad taithneamhach gan Tu. Agus, chun go mbeadh rud taithneamhach, ní foláir do ghrásta-sa bheith ann, agus ní foláir t'eagna bheith á chórú agus á chur i dtreó.

2. An té go bhfuil a shuairceas ionat-sa is suairc do gach an rud. Agus an té ná mothuíonn aon tsuairceas ionat-sa níl aon tsuairceas aige le fáil i n-aon rud ar bith.

Ach na daoine go bhfuil eagna an tsaoil seo acu tá t'eagna-sa i n-easnamh ortha. Suairceas na colna is é a thaithneann leó. Níl 'na n-eagna ach baois. Ní thagann à suairceas na colna ach bás.

(Tuille an tseachtain seo chughainn.)

# ÁITHRIS AR CHRIOST.

(O'n aistriúchán a dhein an tAthair Peadar Ua Laoghaire ar an "Imitatio Christi.")

## AN TRIOMHADH LEABHAR.

**(Caibidil a ceathair agus tríochad ar leanamhaint.)**

Ach na duíni a hugan druím lâ lesh an säl, agus a chuirean an cholan fé smacht, agus a leanan Tusa, le lér gur duíni eagany iad, mar taguid shiad ón mysh chun na fírińgi, ó veaha cholany go beaha spridálta.

Gheid duíni den tórd san suerceas i Nie na Glóiri, agus na mahasa a chíd shiad ins na nihiv a chruhig Die, tuguid shiad glóiri do Ghie mar gheaul orha.

Ach is fada ó chéli, agus is an-ada ó chéli, an suerceas a gheitear i Nie fén agus an suerceas a gheitear ins na nihiv a chruhig Die; suerceas na shy-rychda agus suerceas a vuinean le h-ayimshir; suairceas a Toluish fén agus suerceas a toluish a lasag.

3. O, a Holuish hyry a háryn er gach solus a cruhyg, sguil chúm anuas uet lasir a rayig a taingheav trí m' chry go lér.

Din my chry agus v'aigini do ghlana, agus do líona le h-áhas agus le solus agus le meanamna, agus neartuig v'ínting, ionus go viatuing cly leat-sa go dlúh le h-ívineas aigini.

O, cahin a hucuig an t-aum beanuihi sho 'na vayd mo lán tásav díot, agus ná beg agam ach Tu ná uem ach Tu!

Go dí go meg san mar shin ní veg v'áhas iomalán.

Tá an sheana nádúr däna beó ishdig ionam fós (forufr!). Níl shé smach-duihi er fad fós. Níl shé curha chun básh er fad. Bíon a ghroh vianta a tnúh go láidir a guingiv na spridi fós. Bíon shé a músguilt choguig am' aigini agus ní leogan shé ghom än tueneas a veh agam am' chry fén.

Ach Tusa, ós Tu chuirean smacht er neart na faruigi agus do välyn fuin-geav na dún, eirig agus couruig lium.

Sgaip chun fáin lucht a choguig a ghiànav. Brúig iad le d' chôcht.

Aicim ort tisbeáin do ghradam. agus tugtar glóiri do d' lâiv ghesh: Oir níl mo ghóchas-sa ná mo ghíon le fáil ach ionat-sa, a Hiarna Die.

Ach na daoine a thugann druim lámha leis an saol, agus a chuireann an cholann fé smacht, agus do leanann Tusa, is léir gur daoine eagnaí iad, mar tagaid siad ón mbaois chun na fírinne, ó bheatha cholnaí go beatha spridálta.

Gheibhid daoine den t-órd san suair-ceas i nDia na Glóire, agus na maith-easa a chíd siad ins na neithibh a chruthuigh Dia, tugaid siad glóire do Dhia mar gheall ortha.

Ach is fada ó chéile, agus is ana fhada ó chéile, an suairceas a gheibh-tear i nDia féin agus an suairceas a gheibhtear ins na neithibh a chru-thuigh Dia; suairceas na síoruíochta agus suairceas an tSoluis féin agus suairceas an tsoluis a lasadh.

3. O, a Sholuis shíorruí a sháruíonn ar gach solus a cruthuíodh, sgaoil chugham anuas lasair a raghaidh ag taithneamh tré m' chroí go léir.

Dein mo chroí agus m'aigne do ghlana, agus do líona le h-áthas agus le solus agus le meanmna, agus near-tuigh m'intinn, ionus go bhféadfainn claoi leat-sa go dlúth le h-aoibhneas aigne.

O, cathain a thiocfaidh an t-am beannuithe seo 'na bhfaghad mo lán tsásamh díot, agus ná beidh agam ach Tu ná uain ach Tu!

Go dtí go mbeidh san mar san ní bheidh m'áthas iomlán.

Tá an seana nádúr daona beó istigh ionam fós (foraoir!). Níl sé smach-tuithe ar fad fós. Níl sé curtha chun báis ar fad. Bíonn a dhroch mhianta ag tnúth go láidir i gcoinnibh na spride fós. Bíonn sé ag múisgilt chogaidh am' aigne agus ní leigeann sé dhom aon tsuaimhneas a bheith agam am' chroí féin.

4. Ach Tusa, ós Tu chuireann smacht ar neart na faraige agus do mhaoluíonn fuinneamh na dtonn, eirigh agus cabh-ruigh liom.

Sgaip chun fáin lucht an chogaidh a dhéanamh. Brúigh iad le d' chómh-acht.

Aithchim ort taisbeáin do ghradam. agus tugtar glóire do d' láimh dheis: Oir níl mo dhóchas-sa ná mo dhíon le fáil ach ionat-sa, a Thiarna Dia.

(Caibidil a cúig agus tríochad an tseachtain seo chughainn.)

# AITHRIS AR CHRIOST.

## AN TRIOMHADH LEABHAR.

(O'n aistriúchán a dhein an tAthair Peadar Ua Laoghaire ar an "Imitatio Christi.")

### Caibidil a cúig agus tríochad.

**Níl dol ó chahív an aid a veg duini er a säl so.**

1. An Tiarna.—A vic, ní ve tú ó väl chyhi er a säl so, agus an aid a vairhir ní fláir doit na h-airim spridálta veh agat.

Tyn tú a lár nâud, agus táhar a cur an chaha ort ó gach täv.

Dá vrí shin mara ninir tu fén a chosint le shgieh na foyingi ní ve tú avad gan ghoin.

Ina heaunta san, mara gimeáduir do chry socuir oram-sa go daingean, agus veh lán ceapuihi er gach ní d'ulag er mo hon, ní veg er do chumas déni an chaha do heasav agus bua na víorän do vreh.

Ní muar 'oit, dá vrí shin, gváil tríd a gashimirt go fearûil, agus lâv chalama veh agat sa ghlec.

Mar tugtar mana don té a verean bua, agus ní víon ig an vear meata ach mí-ortún.

2. Má iaran tú sueneas er a säl so, conus iatuir sueneas shyry áil?

Ng cuir rôt mórán suenish do lorag, ach mórán foyingi.

Loirig an tíocháin atá fíor. Ní her a säl so atá shí le fáil ach er neav. Ní hó ghuíni a gheófar í, ná ó éngí cruhihi, ach ó Ghie aváin.

### Caibidil a cúig agus tríochad.

**Níl dul ó chathaíbh an fhaid a bheidh duine ar an saol so.**

1. An Tiarna.—A mhic, ní bheidh tú ó bhaol choíche ar an saol so, agus an fhaid a mhairfir ní foláir duit na h-airm spridálta bheith agat.

Taoinn tú i lár namhad, agus táthar ag cur an chatha ort ó gach taobh.

Dá bhrí sin mura ndeinir tu féin a chosaint le sgiath na foidhne ní bheidh tú abhfad gan ghoin.

I n-a theannta san, mura gcimeádair do chroí socair orm-sa go daingean, agus bheith lán ceapaithe ar gach ní dh'fhulang ar mo shon, ní bheidh ar do chumas déine an chatha do sheasamh agus bua na bhfíoraon do bhreith.

Ní mór dhuit, dá bhrí sin, gabháil tríd an gcaismirt go fearamhail, agus lámh chalma bheith agat sa ghleic.

Mar tugtar manna don té a bheireann bua, agus ní bhíonn ag an bhfear meathta ach mí-fhortiún.

2. Má iarrann tú suaimhneas ar an saol so, conus fhéadfair suaimhneas síorruí fháil?

Ná cuir rómhat mórán suaimhnis do lorg, ach mórán foidhne.

Loirg an tsíocháin atá fíor. Ní h-ar an saol so atá sí le fáil ach ar neamh. Ní h-ó dhaoine a gheóbhfar í, ná ó aon ní cruthuithe, ach ó Dhia amháin.

(Tuille an tseachtain seo chughainn.)

# AITHRIS AR CHRIOST.

## AN TRIOMHADH LEABHAR.

(O'n astriúchán a dhein an tAthair Peadar Ua Laoghaire ar an "Imitatio Christi.")

**(Cibidil a cúig agus tríochad ar leanamhaint.)**

Is ceart doit gahärod d'ulag go fonavar le grá do Ghie, .i. obuir chrueg; tengeas; cahana; trí chéli aigini; beureav; gátar; easba sláinte; iàgóir; tromycht; cáini; easonóir; tarcuishni; smachdúchán; droh veas.

Shin iad na nihi ghinean fíorän de ghuini. Shin iad na nihi a vunean an triàil à sayidiúir óg Chríost. Is le nihiv den tóord san a dintar an choróing ghlórvar don Chríosdy.

Túrhad-sa tuarasdal shyry ghoit er sglávycht ghairid, agus glóire gan teóra er harcuishni ná leanan avad.

An äula a veasfá-sa gur cheart go mèach sólás spridálta le fáil agat chô minic agus ba vah leat é?

Ní vuer mo nuív an sólás san a gôny. Fuaradar a valuirt. Fuaradar mórán cruatuin agus mórán cahana, agus mórán dólásh agus uegnish.

Ach d'uiligcadar é go lér go foyingeach, agus ní hasda fén a ví a muinín, ach à Die, mar ví is acu nách fédir triubalóidí na h-ayimshiri sho do chur a gúmparáid lesh a nglóiri atá le teacht.

An áula is dó leat-sa go vayir gan ríneas an ní ná fuer duíni eli ach ar éigin, agus tar éis mórán deór a hili, agus tar éis mórán triubalóide d'ulag?

Bí a súil le Die. Din do ghnó go fearûil. Ná cayil do vishneach. Ná tit i n-iàdóchas. Ná túir suas. Ná heirig as an obuir, ach bí coitianta a túirt do chuirp agus t'anama chun glóire Dé do chur chun cíng.

Is Mishi húrhig do tuarasdal doit go fial. Bead-sa i n-aici leat ins gach triubalóid.

Is ceart duit gach aon rud d'fhulang go fonnmhar le grá do Dhia, .i. obair cruaidh; teinneas; cathana; tré chéile aigne; buaireamh; gátar; easba sláinte; éagcóir; tromuíocht; cáine; easonóir; tarcuisne; smachtúchán; droch mheas.

Sin iad na neithe gheineann fíoraon de dhuine. Sin iad na neithe a bhaineann an triail a saighdiúir óg Chríost. Is le neithibh den tsórd san a deintear an choróinn ghlórmhar don Chríostaí.

Tabharfad-sa tuarasdal síorruí dhuit ar sgiábhaíocht ghairid, agus glóire gan teóra ar tharcuisne ná leanann abhfad.

An amhlaidh a mheasfá-sa gur cheart go mbeadh sólás spridálta le fáil agat chómh minic agus ba mhaith leat é?

Ní bhfuair mo naoimh an sólás san i gcómhnuí. Fuaradar a mhalairt. Fuaradar mórán cruatain agus mórán cathana, agus mórán dóláis agus uaignis.

Ach d'fhuilingeadar é go léir go foidhneach, agus ní h-asta féin a bhí a muinighin, ach as Dia, mar bhí 'fhios acu nách féidir trioblóidí na h-aimsire seo do chur i gcomparáid leis an nglóire atá le teacht.

An amhlaidh is dóigh leat-sa go bhfaighir gan ríghneas an ní ná fuair daoine eile ach ar éigin, agus tar éis mórán deór a shile, agus tar éis mórán trioblóide dh'fhulang?

Bí ag súil le Dia. Dein go ghnó go fearamhail. Ná caill do mhisneach. Ná tuit i n-éadóchas. Ná tabhair suas. Ná h-eirigh as an obair, ach bí coitchianta ag tabhairt do chuirp agus t'anama chun glóire Dé do chur chun cinn.

Is Mise thabharfaidh do tuarasdal duit go fial. Bead-sa i n-aice leat ins gach trioblóid.

(Caibidil a sé agus tríochad an tseachtain seo chughainn.)

# AITHRIS AR CHRIOST.

## AN TRIOMHÁDH LEABHAR.

(O'n astriúchán a dhein an tAthair Peadar Ua Laoghaire ar an "Imitatio Christi.")

### Caibidil a shé agus tríochad.

**A n-ay brehûntuish väh na nuíni.**

1. A vic, din tu fén a chahav suas er a Diarna le lán chry, agus ná bíoch än veaun agat er vreh duini an aid ader do chuínshias fén leat go vuilir macánta cráifeach.

Is mah agus is shjànvar an rod do ghuini nihi den tórd san d'ulag, agus ní deocuir é don chry atá ûl agus nách as fén atá a vuinín, ach à Die.

Dinid mórán duíni mórán cayinti, agus dá vrí shin ní ceart a chur 'na gayint ach beogán simi.

Agus ní féidir iad go lér a hásav.

Ghin Pól a ghíhal chun gah éngi hásav, do raer an Tiarna. D'änta shé lesh gah éngi ins gach ní (do raer an Tiarna). Ach san aum giàna ba chuma lesh an dôun cad í an vreh a húrhach duíni er.

2. Ghin shé a ghíhal chun na nuíni do cheóla er leas a n-anama, ach níor iad shé iad do chosc er veh a tromycht er, uereanta, agus á harcuishniú.

Ansun d'ág shé gahärod fé Ghie, ó b'é Die a chnuic gach ní, agus is le foyingi agus le hûlycht a chosin shé é fén er locht na cúlchayinti agus an éhig agus an droh-âuruish vishguishig.

### Caibidil a sé agus tríochad.

**I n-aghaidh breithiúntais bhaoith na daoine.**

1. A mhic, dein tu féin a chaitheamh suas ar an dTiarna le lán chroí, agus ná bíodh aon beann agat ar bhreith duine an fhaid adeir do choinsias féin leat go bhfuilir macánta cráibhtheach.

Is maith agus is séanmhar an rud do dhuine neithe den tsórd san a dh'fhulang, agus ní deacair é don chroí atá úmhal agus nách as féin atá a mhainighin, ach as Dia.

Deinid mórán daoine mórán cainte, agus dá bhrí sin ní ceart a chur 'na geaint ach beagán suime.

Agus ní féidir iad go léir a shásamh.

Dhein Pól a dhícheall chun gach éinne shásamh, do réir an Tiarna. D'aontuigh sé leis gach éinne ins gach ní (do réir an Tiarna). Ach san am gcéana ba chuma leis an domhan cad í an bhreith a thabharfadh daoine air.

2. Dhein sé a dhícheall chun na ndaoine do sheóla ar leas a n-anama, ach níor fhéad sé iad do chosc ar bheith ag tromaíocht air, uaireanta, agus 'á tharcuisniú.

Ansan d'fhág sé gach aon rud fé Dhia, ó b'é Dia a chonnaic gach ní, agus is le foidhne agus le húmhluíocht a chosain sé é féin ar lucht na cúlchainte agus an éithigh agus an droch amhrais mhioscaisigh.

(Tuille on tseachtain seo chughainn.)

# 'AITHRIS AR CHRIOST.

## AN TRIOMHADH LEABHAR.

(O'n aistriúchán a dhein an tAthair Peadar Ua Laoghaire ar an "Imitatio Christi.")

**(Caibidil a sé agus tríochad ar leanamhaint.)**

Hugach shé freagara orha inish agus irish, âfach le hagala, dá n-éshdeach shé er fad, go m'édir gur ghó le locht lag-chrediv go roiv an íringi acu.

3. Ce hé husa, chun a reá go méach eagala agut ruim ghuini hälta. Tá shé aun iniuv. Ní veg a huerishc aun amáireach.

Bíoch eagala Dé ort agus is cuma ghoit cad a ghiànhig eagala duíni.

Cad iatuig cayint än duni ghiànav ort, ná iàgóir ó än duini? Is do fén a dhineann shé an díováil, agus ní doit-shi. Ní iata shé dol ó ghíverig Dé, pé hé fén.

Bíoch Dia as coir do húl agut-sa, agus ná bí suas is anuas le héngl a nroh-chayint.

Má veasan tú, inish, go vuil an ceaun is measa den shgiàl fálta agut, agus go vuil tarcuishni nár hilish fálta agut, ná bíoch cesht 'na häv san ort, agus ná lyduig le neavoyingi inish an tuarasdal atá le fáil agut er baul.

Fiàch suas chúm-sa ins na flahish, mar is er mo chumas atá duini húirt sär ó gach tarcuishni agus ó gach iàgóir, agus díolycht a húirt do gach éngi do raer a ghníorha.

Thugadh sé freagra ortha anois agus arís, ámhthach, le heagla, dá n-éisteadh sé ar fad, go mb'fhéidir gur dhóich le lucht lag-chreidimh go raibh an fhírinne aca.

Cé hé thusa, chun a rádh go mbeadh eagla agat roim dhuine shaolta? Tá sé ann indiu. Ní bheidh a thuairisc ann amáireach.

Bíodh eagla Dé ort agus is cuma dhuit cad a dhéanfaidh eagla daoine.

Cad fhéadfaidh cainnt aon duine dhéanamh ort, ná éagcóir ó aon duine? Is dó féin a dheineann sé an díobháil, agus ní duit-se. Ní fhéadfaidh sé dul ó dhíbhfeirg Dé, pé hé féin.

Bíodh Dia os comhair do shúl agat-sa, agus ná bí suas is anuas le haoinne i ndroch-chaint.

Má mheasann tú, anois, go bhfuil an ceann is measa den sgéal fálta agat, agus go bhfuil tarcuisne nár thuillis fálta agat, ná bíodh ceist 'na thaobh san ort, agus ná luighduigh le neamhfhoidhne anois an tarastal atá le fáil agat ar ball.

Féach suas chugham-sa ins na flathais, mar is ar mo chumas atá duine thabhairt saor ó gach tarcuisne agus ó gach éagcóir, agus díoluíocht a thabhairt do gach aoinne do réir a ghníomhartha.

(Caibidil a seacht agus tríochad an tseachtain seo chughainn.)

# AITHRIS AR CHRIOST.

(O'n aistriúchán a dhein an tAthair Peadar Ua Laoghaire ar an "Imitatio Christi.")

## AN TRIOMHADH LEABHAR.

### Caibidil a shacht agus tríochad.

**An té a hrégean é fén go beacht gheyn shé sírshi cry.**

1. An Tiarna.—A vic, sgar leat fén agus gheóir Mishi.

Ná cuir dúil i n-éngí do hou ná do healavú, agus tiucuig gahärod chút.

Mar tá bresh vuar de ghrásda Dé le fáil agat chô luah agus a sgarhir leat fén agus ná tócuir irísh hu fén.

2. An Sherivíshach.—A Hiarna, an mó uer a hrécead me fén, agus cad iad na nihi 'na vuil oram sgarûint lium fén?

3. An Tiarna.—Trég hu fén a gôny, gach än uer; i nihiv beoga agus i nihiv muara, gan än ach. Is mah lium tu veh sgarha leat fén ins gach ní er bih.

Níor v'édir go ma lium-sa husa agus go ma leat-sa Mishi gan tu veh sgarha le d'hoil fén go h-iomlán, lashdig díot agus lasmuh ghíot.

Dá luahacht a ghiànhir an sgarûint shin ishea is feár a veg an shgiàl agat; agus dá iomaláini a ghiànhir é, agus dá ghílshacht, ishea is tainghavy lium-sa agus is tairifí ghoit fén.

4. **Tá** duíni agus trégid shiad iad fén, ach aváin puínti beog égin. Ní víon a muinín acu à Die go h-iomalán. Dá vrí shin ní muar dóiv, **dar leó,** sláhar **beog a** ghiànav dóiv fén.

### Caibidil a seacht agus tríochad.

**An té a thréigeann é féin go beacht gheibheann sé saoirse croí.**

1. An Tiarna.—A mhic, sgar leat féin agus gheobhair Mise.

Ná cuir dúil i n-aon ní do thogha ná do shealbhú, agus tiocfaidh gach aon rud chughat.

Mar tá breis mhór de ghrásta Dé le fáil agat chómh luath agus a sgarfair leat féin agus ná tógfair airís thu féin.

2. An Seirbhíseach.—A Thiarna, an mó uair a thréigfead me féin, agus cad iad na neithe 'na bhfuil orm sgaramhaint liom féin?

3. An Tiarna.—Tréig thu féin i gcóomhnuí, gach aon uair; i neithibh beaga agus i neithibh móra, gan aon ach. Is maith liom tu bheith sgartha leat féin ins gach ní ar bith.

Níor bh'fhéidir go mba liom-sa thusa agus go ma leat-sa Mise gan tu bheith sgartha le d'thoil féin go h-iomlán, laistigh díot agus lasmuich dhíot.

Dá luathacht a dhéanfair an sgaramhaint sin isea is fearr a bheidh an sgéal agat; agus dá iomláine a dhéanfair é, agus dá dhílseacht, isea is taithneamhaí liom-sa agus is tairbhí dhuit féin.

4. Tá daoine agus tréigid siad iad féin, ach amháin puínte beag éigin. Ní bhíonn a mainighin acu as Dia go h-iomlán. Dá bhrí sin ní mór dóibh, dar leó, soláthar beag a dhéanamh dóibh féin.

(Tuille an tseachtain seo chughainn.)

# AITHRIS AR CHRIOST.

(O'n aistriúchán a dhein an tAthair Peadar Ua Laoghai... ar an "Imitatio Christi.")

**(Caibidil a seacht agus triochad ar leanamhaint.)**

Tá duíni eli agus tuguid shiad uaha gahärod i dosach bára. Ansan, nuer a hagan an cah orha, filid shiad er an rod a hrégeadar. Ní héd shiad san puíng er ayig i víoräntacht.

Ní fédir dóiv shin sírshi an chry ghluin do hroshint, ná veh a nlúh-vuíntearhas lium-sa, gan iad fén do húirt uaha go h-iomalán, gan íbirt a ghiànav díov fén gach än lá. Ní fédir do ghuini veh dlúiti go sheasa-vach a ngrá Dé er än chuma eli.

5. Duart leat-sa go minic, agus derim inish irísh leat é, trég hu fén, sgar leat fén, agus beg sueneas muar aigini agat.

Túir iomláini er iomláini. Ná h-iar éngí. Ná loirig ärod har n-ash. Bíoch do heasav, go dílish agus gan chläna, ionam-sa agus be Mé agat.

Be tú sär ó cheangal ad' chry, agus ní luíhig doirihacht ort.

Cuir do ghúil sa ní sho, iar é er Ghie, oibrig hu fén chuigi, shé shin go viàdfá sgarûint le gach ní a vuin-ean leat fén; Isa nocht do leanûint nocht; bás áil ionat fén agus beaha hyry áil ionam-sa.

Ansan ishea imóig na smuínti folû go lér, agus gach buereav peacûil, agus gach cúram gan ghá.

Ansan, lesh, ishea imóig gach eagala ayin-hrianta agus d'éacuig gach grá clän.

Tá daoine eile agus tugaid siad uatha gach aon rud i dtosach bára. Ansan, nuair a thagann an cath ortha, fillid siad ar an rud a thréigeadar. Ní théid siad san puinn ar aghaidh i bhfíoraontacht.

Ní féidir dóibh sin saoirse an chroí ghlain do shroisint, ná bheith i ndlúth-mhuintearthas liom-sa, gan iad féin do thabhairt uatha go h-iomlán, gan ídhbirt a dhéanamh díobh féin gach aon lá. Ní féidir do dhuine bheith dlúithte go seasamhach i ngrá Dé ar aon chuma eile.

5. Dubhart leat-sa go minic, agus deirim anois airís leat é, tréig thu féin, sgar leat féin, agus beidh suaimh-neas mór aigne agat.

Tabhair iomláine ar iomláine. Ná h-iarr aon ní. Ná loirg aon rud thar n-ais. Bíodh do sheasamh, go dílis agus gan chlaona, ionam-sa agus beidh Mé agat.

Beidh tú saor ó cheangal ad' chroí, agus ní luighfidh doircheacht ort.

Cuir do dhúil sa ní seo, iarr é ar Dhia, oibrigh thu féin chuige, 'sé sin go bhféadfá sgaramhaint le gach ní a bhaineann leat féin; Iosa nocht do leanamhaint nocht; bás a dh'fháil ionat féin agus beatha shíoruí dh'fháil ionam-sa.

Ansan is-ea dh' imeóchaidh na smuínte folma go léir, agus gach buaireamh peacamhail, agus gach cúram gan ghá.

Ansan, leis, is-ea dh'imeóchaidh gach eagla ain-shrianta agus d'éagfaidh gach grá claon.

(Caibidil a h-ocht agus tróchad an tseachtain seo chughainn.)

# AITHRIS AR CHRIOST.

(O'n ais triúchán a dhein an tAthair Peadair Ua Laoghaire ar an "Imitatio Christi.")

## AN TRIOMHADH LEABHAR.

### Caibidil a h-ocht agus tríochad.

**Is ceart dúing na nihi so-ishgi do chimeád i n-eagar go mah, agus teacht a láhir Dé a n-aum bael.**

1. An Tiarna.—A vic, túir airi vah don méd sho. Ins ngach áit agus ins ngach gníov, nú ins ngach gnó so-ishgi, bíoch t'aigini sär ó cheangal agat. Bíoch gahärod fé d'smacht-sa i n-inead tusa veh fé n-a smacht-san.

Bí ad' váishdir agus ad' shdiúrhóir er do ghníorhiv, i n-inead veh ad' heri-víshach agus ad'sglávy acu. Bí ad' här-Eaurach íringeach, a teacht ishdeach i geart agus a syírshi cluingi Dé; ad' heasav er na nihiv atá, agus do húil er na nihiv shyry a veg, mar a víon acu súd.

Tá an túil chlé acu er nihiv a tael sho agus an túil gheas ecu er nihiv na shyrychda.

Ní éaduid nihi an tael sho iad do harac chun än rínish a ghiànav orha, ach taruigid shiad fén leó nihi an tael sho, agus dinid shiad úsáid díov a góir a tael eli; mar is chuigi shin a cheap Die nihi an tael sho, agus níor chruhig Die éngí a n-ashdear. Do cheap Shé a ghnó fén do gach ní d'ár chuir Shé er bih.

### Caibidil a h-ocht agus tríochad.

**Is ceart dúinn na neithe sofheisge do chimeád i n-agar go maith, agus teacht i láthair Dé i n-am baoil.**

1. An Tiarna.—A mhic, tabhair aire mhaith don méid seo. Ins ngach áit agus ins ngach gníomh, nó ,ns ngach gnó sofheisge, bíodh t-aigne saor ó cheangal agat. Bíodh t'aigne saor ó cheangal agat. Bíodh gach aon rud fé d'smacht-sa, i n-inead tusa bheith fé n-a smacht-san.

Bí ad' mhaighistir agus ad' stiúrthóir ar do ghníomharthaibh, i n-inead bheith ad' sheirbhíseach agus ad' sglábhaí acu. Bí ad' shaor-Eabharach fhírinneach, ag teacht isteach i gceart agus i saoirse clainne Dé; ad' sheasamh ar na neithibh síoruí a bheidh, mar a bhíonn acu súd.

Tá an teúil chlé acu ar neithibh an tsaoil seo agus an tsúil dheas acu ar neithibh na síoruíochta.

Ní fhéadaid neithe an tsaoil seo iad do tharrang chun aon ríghnis a dhéanamh ortha, ach tarraingid siad féin leó neithe an tsaoil seo, agus deinid siad úsáid díobh i gcóir an tsaoil eile; mar is chuige sin a cheap Da neithe an tsaoil seo, agus níor chruthuigh Dia aon ní i n-aisdear. Do cheap Sé a ghnó féin do gach ní d'ár chuir Sé ar bith.

(Tuille an tseachtain seo chughainn.)

# AITHRIS AR CHRIOST.

(O'n ais triúchán a dhein an tAthair Peafair Ua Laoghaire ar an
(" Imitatio Christi."

## AN TRIOMHADH LEABHAR.

(Caibidil a h-ocht agus tríochad ar leanomhaint.)

2. Má heasyn tusa er a guma san, ins gach cor dá ducuig art, gan veh a fiàchuint er nihiv so-ishgi, agus á mrehnú le súiliv corparha, ach diànav mar a ghineach Mysh nuer a hagach än chruatan er, dol ishdeach a n-aragal do chry fén agus côirli iaruig er Ghie, gheóir, er ueriv, freagaga ó Ghie, agus tiucuir amach as an aragal agus eólas fachda agat er a lán des na nihiv atá agus a veg.

Do héach Mysh ishdeach san aragal a gôny nuer a víoch raeteach ueg er cheshdeanuiv nú solus a n-aum dorachaduish, agus do rihach shé ish deach ann ag cur a ghy suas chun Dé nuer a víoch shé a gúntúirt ó ghroh aigini na nuíni.

Shin mar is ceart doit-shi dol ishdeach a n-aragal do chry fén, i dreó go viàdfá do ghy chur suas chun Dé nís treshi agus nís dúhrachdy. Oir is eól doit cad d'imig er Iosue agus er chluíng Isráel, conus mar a veaul na Gabäníitig iad taishc nár iaradar côirli er Ghie er dúsh. D'éshdeadar le cayint vilish chneasda ghiaga na nGabäní-teach, agus do bueleag bob orha.

2. Má sheasuíonn tusa ar an gcuma san, ins gach cor dá dtiocfaidh ort, gan bheith ag féachaint ar neithibh so-fheisge, agus á mbreithniú le súilibh corpartha, ach déanamh mar a dheineadh Maois nuair a thagadh aon chruatan air, dul isteach i n-aragul do chroí féin agus cómhairle dh'iarraidh ar Dhia, gheobhair, ar uairibh, freagra ó Dhia, agus tiocfar amach as an aragul agus eólas fachta agat ar alán des na neithibh atá agus a bheidh.

Do théigheach Maois isteach san aragul i gcómhnuí nuair a bhíodh réiteach uaidh ar cheisteannaibh nó solus i n-am dorchadais, agus do ritheach sé isteach ann ag cur a ghuí suas chun De nuair a bhíodh sé i gcon-tabhairt ó dhróch aigne na ndaoine.

Sin mar is ceart duit-se dul isteach i n-aragul do chroí féin, i dtreó go bhféadfá do ghuí chur suas chun Dé níos treise agus níos dúthrachtaí. Oir is eól duit cad d'imigh ar Iosue agus ar chlainn Isráeil, conus mar a mheall na Gabaoníitigh iad toisg nár iarradar cómhairle ar Dhia ar dtúis. D'éist-eadar le caint mhilis chneasta dhiadha na nGabaoníteach, agus do buaileadh bob ortha.

(Caibidil a naoi agus tríochad an tseachtain seo chughainn.)

# AITHRIS AR CHRIOST.

(O'n aistriúchán a dhein an tAthair Peadar Ua Laoghaire ar an "Imitatio Christi.")

## AN TRIOMHADH LEABHAR.

### Caibidil a nä agus tríochad.

**Ní ceart do ghuini veh ró ghíhalach 'n-a ghnó.**

1. An Tiarna.—A vic, fág do chás fúm-sa a gôny. Diànhad-sa é chur i dreó i n-a aum fén.

Fan le m'hocarú-sa agus chíhir gur b'é do vuac é.

2. An Sherivíshach.—A Hiarna, táim lán tásda gahärod d'ágáilt fút-sa, mar is gairid le dol mo vachnav-sa chun än tairifi ghiànav.

3. An Tiarna.—A vic, is minic a víon duini ana ghíhalach er rod égin a hainghean lesh go muar, agus nuer a víon an rod san curha chun cíng ige go míon a valuirt d'aigini ige 'na häv. Ní víon a hainghav sheasavach er éngí aváin, ach ag imeacht ó ní go ní.

Dá vrí shin is rod nách suarach doit tu fén do hiàna a nihiv suaracha.

Rod ana hairiíeach do ghuini ishea é fén do hiàna, agus an té a hiànan é fén dáiríriv, tá shé sär agus tá shé ó väl.

Ach tá an fuah ig an sheana nâuid do gah ärod fónta, agus ní stadan shé des na cahanuiv. Bíon shé do ló agus d'uíhi a diànav na celgi agus a fairi fiàchuint a viàtach shé an duini neavaireach do ghváil 'n-a líon.

Dinig fairi agus úrnuihi, ader an Tiarna, i dreó ná raych shiv ishdeach sa chah.

### Caibidil a naoi agus tríochad.

**Ní ceart do dhuine bheith ró dhícheallach 'n-a ghnó.**

1. An Tiarna.—A mhic, fág do chás fúm-sa i gcómhnuí. Déanfad-sa é chur i dtreó i n-a am féin.

Fan le m'shocarú-sa agus chífir gur b'é do bhuac é.

2. An Seirbhíseach.—A Thiarna, táim lán tsásta gach aon rud d'fhágáilt fút-sa mar is gairid le dul mo mhachnamh-sa chun aon tairbhe dhéanamh.

3. An Tiarna.—A mhic, is minic a bhíonn duine ana dhícheallach ar rod éigin a thaithneann leis go mór, agus nuair a bhíonn an rud san curtha chun cinn aige go mbíonn a mhalairt d'aigne aige 'na thaobh. Ní bhíonn a thaithneamh seasamhach ar aon ní amháin, ach ag imeacht ó ní go ní.

Dá bhrí sin is rud nách suarach duit tu féin do shéana i neithibh suaracha.

Rud ana thairbheach do dhuine isea é féin do shéana, agus an té a shéanann é féin dáiríribh, tá sé saor agus tá sé ó bhaol.

Ach tá an fuath ag an seana namhaid do gach aon rud fónta, agus ní stadann sé des na cathanaibh. Bíonn sé do ló agus d'oíche ag déanamh na ceilge agus ag faire féachaint a bhféadfadh sé an duine neamhaireach do ghabháil 'n-a líon.

Deinidh faire agus úrnuithe, adeir an Tiarna, i dtreó na raghadh sibh isteach sa chath.

(Caibidil a dachad an tseachtain seo chughainn.)